Special EU Programmes Body
Comhlacht na gClár Speisialta AE
Special EU Skemes Boadie

Peace
Northern Ireland - Ireland - Scotland
European Regional Development Fund
EUROPEAN UNION

Interreg
Northern Ireland - Ireland - Scotland
European Regional Development Fund
EUROPEAN UNION




# Comhlacht na gClár Speisialta AE

## An Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2019

Northern Ireland Executive
www.northernireland.gov.uk

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

European Union
The Scottish Government
Riaghaltas na h-Alba
EUROPE & SCOTLAND
European Regional Development Fund
Investing in a Smart, Sustainable and Inclusive Future

# Comhlacht na gClár Speisialta AE Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

Déantar cóip den tuarascáil a leagan faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann faoin Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/ Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann); Sceideal 1, Iarscríbhinn 2, Cuid 7, Míreanna 1.3 agus 2.6 arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais agus cóip den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí an Oireachtais faoi Airteagail 49(1) den Acht um Chomhoibriú na Breataine-na hÉireann, 1999.

ar 17 Feabhra 2021

**© Cóipcheart CCSAE 2020.**

Féadfar an saothar seo (seachas na lógónna) a áth-úsáid saor in aisce i ngach formaid agus i ngach cineál meáin a thaitneofar, faoi théarmaí an Cheadúnais Rialtais Oscailte. Is féidir an ceadúnas seo a léamh ar an tsuíomh **www.nationalarchives.gov.uk/doc/open-government-licence** agus tá sé ar fáil trí iarraidh ríomhphoist: **psi@nationalarchives.gsi.gov.uk**

Ní mór duit cead a fháil ó na húdair a mbaineann an tsaothair leo ar cibé áit a luaitear faisnéis chóipchirt tríú páirtí.

Féadfar mionsonraí breise i dtaca le hathúsáid an tsaothair seo, an Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2019, a fháil nuair a scríobhtar chuig:

Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE)
Foirgneamh Clarence Thiar,
2 Sráid Clarence Thiar, Béal Feirste, Tuaisceart Éireann, BT2 7GP

Tá leagan leictreonach an doiciméid seo ar fáil ar an tsuíomh gréasán thíos
**www.seupb.eu**

Má ritheann aon cheist eile leat i dtaca leis an doiciméad seo, gabh i dteagmháil le
**info@seupb.eu**

**Íomhá Chlúdaigh:**
Rannpháirtithe óga ón scéim mhaoinithe ‘Sharing from the Start’ ó chlár PEACE IV. Díríonn an clár isteach ar athruithe dhearfacha i measc daoine óga, a dtuismitheoirí, a múinteoirí agus a bpobail féin maidir le dearcadh agus iompar s’acu.

# Clár na n-ábhar

| | |
|---|---|
| **Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh** | 02 |
| **Ról Chomhlacht na gClár Speisialta AE** | 06 |
| **Críocha is Mó bainte amach in 2019** | 08 |
| **Forléargas an Chláir PEACE IV** | 10 |
| **Forléargas an Chláir INTERREG VA** | 18 |
| **Cláir thrasnáisiúnta agus Cláir idir-réigiúnacha** | 26 |
| **Fís na gclár a chur in iúl sa bhliain 2019** | 27 |
| **Cuntais don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019** | 31 |
| **Ráiteas maidir le Córas Rialaithe Inmheánaigh/ Ráiteas faoi Rialachas** | 35 |
| **Tuarascáil maidir le Luach Saothair** | 45 |
| **An tAguisín** | 79 |

# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

**Sonraítear sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Cuntais seo gach gníomhaireacht a bhí idir lámha againn le linn 2019, sular bhuail an ráig mhillteanach COVID-19 leac dorais an domhain. Creidim go gcaithfear sárobair na n-oibrithe túslíne a mholadh, chomh maith leis na hoibrithe cróga eile atá ag obair le chéile chun dul i ngleic leis an víreas fud fad an domhain.**

Tá mé iontach tógtha leis an dóigh ar thit scéimeanna de chuid PEACE IV agus ITERREG VA isteach leis an athrú mór seo agus leis an dóigh a raibh siad in ann na seirbhísí uile fós a chur ar fáil. D'athraigh roinnt de na scéimeanna seo a ngníomhaireachtaí ar fad a fhad is go raibh siad ábalta cuidiú níos doimhne agus níos forleithne a thabhairt do na saoránaigh atá ag streachailt is mó leis an phaindéim.

Is léir go mbeidh constaicí nach féidir a sheachaint roimh an chuid is mó dár scéimeanna i dtaca leis a gcuid cuspóirí agus críocha a bhaint amach, ach, oibreoidh muid go díograiseach leo chun cibé cuidiú a chur ar fáil dóibh. Thug muid treoir do gach scéim ag iarraidh drochthionchar COVID-19 a laghdú, treoir a dhíríonn isteach ar imní agus amhras na scéimeanna seo.  Leanann baill foirne s'againn ar aghaidh ag comhoibriú leo ar bhonn aonair chun an méid is mó tacaíocht a chur ar fáil dóibh.

Leagtar amach sa tuarascáil seo na críocha is mó bainte amach ag scéimeanna de chuid PEACE IV agus INTERREG VA  sa bhliain 2019. Cuirtear iontas an domhain orm go laethúil fós nuair a fheicim an dea-thionchar timpeall na Mór-Roinne ar fad a thagann amach ó scéimeanna maoinithe dár gcuid ,agus nuair a fheicim baill foirne tiomanta s'againn i mbun iad.  Bhí an t-ádh dearg orm go raibh deis agam labhairt le roinnt daoine a bhí páirteach sna scéimeanna le linn na bliana, agus cén tionchar a thagann amach ar a gcuid saolta mar gheall orthu.

Is é seo an scéal go cinnte do na céadta míle páiste agus daoine óga atá faoi chosaint an chláir PEACE



IV. Cuireann an clár maoiniú den scoth ar fáil d'oideachas tionscnaimh comhroinnte ar scála ollmhór, chomh maith leis na scéimeanna a dhíríonn isteach ar fhorbairt an duine óig chun cinn. Is sampla iontach é an scéim 'HEROES', ina gcuirtear cuidiú agus tacaíocht ar fáil do dhaoine óga le riachtanais fhoghlama éagsúla ar an dá thaobh den teorainn - trí sár-cuidiú MENCAP NI freisin.

Bhí lúcháir orm maoiniú do PEACE IV thar a bheith maith dá luach €32.4 milliún a fhógairt faoi thús na bliana, atá dul a bheith ina cuidiú ollmhór roimh chúig scéim tógála ar leith timpeall Thuaisceart Éireann agus Limistéar Teorann na hÉireann.

Tháinig an maoiniú seo ar an fhód faoi chuspóir 'Limistéir Chomhroinnte' de chuid an chláir.  Tacaíonn an cuspóir seo chun foirgnimh, ceantair agus limistéir chomhroinnte a chruthú do chách, agus gan a bheith ag claonadh le taobh amháin ná an taobh eile.

Ba lá stairiúil é an 5 Nollaig 2019 dúinn ar fad agus muid ag ceiliúradh 20 bliain ar an fhód mar

chomhlacht. Thug seo seans agus deis dúinn dul siar agus machnamh a dhéanamh ar na heachtraí iontacha atá bainte amach againn le linn an scóir bliain sin agus muid ag feidhmiú mar Chomhlacht Thuaidh/Theas. Bhí deis ann fosta a bheith ag éisteacht lenár mbaill clár agus baill scéimeanna a bhí in ann a scéalta tochtmhara féin a roinnt linn. Mar aon leis sin bhí sé deas baill foirne agus iarbhaill foirne ón Comhairle Aireachta Thuaidh Theas a fheiceáil.

Le linn 2019 bhí mé in ann ardú feasachta a dhéanamh ar thábhacht róil na mban sa phróiseas síochána agus lainseáil muid an scéim 'PACT' (Peace and Conflict Transformation) ar an 26 Feabhra. Tá 'Gréasán Oiliúna na mBan', atá lonnaithe in Oirthear Bhéal Feirste i mbun na scéime seo agus spreagann siad na céadta bean chun cúrsaí oiliúna i dtaca le neartú coimhlinte, neartú ilchineálachta agus neartú ceannaireachta a dhéanamh a fhad is go mbeidh dea-thionchar bainte amach acu sna ceantair ina gcónaíonn siad.

Ceann de na bunphrionsabail dár gcuid clár maoinithe INTERREG VA ná cosaint i gcónaí a chur chun cinn maidir le limistéir comhroinnte agus na speicis agus na gnáthóga i mbaol a bhaineann leis na limistéir a chosaint. Is sampla iontach de seo é an scéim 'Sea Monitor', scéim a tháinig ar an fhód ar an 10 Aibreán. Scéim cosaint mara atá i gceist atá ag feidhmiú thar Thuaisceart Éireann, Limistéar Teorann na hÉireann agus thar Albain Thiar. Tá an scéim i mbun an córais mara teiliméadrachta is mó san Eoraip a chruthú; córas an-úsáideach a chuideoidh le caomhnú réimse mór cónaitheoir mara: mar shampla liamháin gréine, céiticigh, bradáin, rónta agus scolabaird chomh maith le roinnt cónaitheoir mara eile.

Tá ról iontach gníomhach ag an CCSAE i dtaca le cur chun cinn agus cuaille eolais na gclár AE rannpháirtithe INTERREG VB (go trasnáisiúnta) agus INTERREG VC (go hidir-réigiúnach) Faoi dheireadh na bliana 2019 bhí 64 scéim san iomlán páirteach, agus bhí ar a laghad comhpháirtí amháin ó Thuaisceart Éireann ar fáil i ngach aon cheann - d'éirigh le 78 comhpháirtí Thuaisceart Éireann áit a bhain amach ar na scéimeanna uile.

Is rud mór é an cur chun cinn idirnáisiúnta chomh maith leis an chur cinn idir ilchríocha atá bainte le scaipeadh na gclár. I mí an Mhárta, chuir muid léiriúchán fócasaithe ar na scéimeanna i láthair in Oifig an Fheidhmeannaigh Thuaisceart Éireann, sa Bhruiséil mar pháirt den cheiliúradh comórtha Lá Fhéile Phádraig. Bhí fáil ar go leor Oifigeach as Rialtas na Breataine agus Rialtas na hÉireann ar an éacht stairiúil seo, mar aon le roinnt ball foirne ón gCoimisiún Eorpach atá ag obair taobh istigh de Thascfhórsa 50.

Is mór an onóir dom dul siar ar an toscaireacht speisialta chun na Colóime a thit amach i mbliana. Éacht curtha le chéile ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála in Éirinn thar ceann Rialtas na Colóime. Agus mé ansin bhí deis agam go leor buanna de chlár AE PEACE a roinnt leo cosúil leis an lá ar tháinig muid ar an fhód sa bhliain 1995 agus na mílte constaic a tháinig anuas le linn an scóir go leith bliain go dtí seo. Ba thaithí den scoth é a bheith ábalta dul chuig áit mar sin agus sárobair an chláir PEACE a fheiceáil agus a mhothú trí ghníomhaireachtaí síocháin s'acu agus gníomhaireachtaí athmhuintearais ón dá taobh den teorainn s'acu.

Faoi láthair, tá muid leath bhealaigh trí chur chun feidhme an chláir, ciallaíonn sin go bhfuil tréimhse thar a bheith gnóthach i gceist don chomhlacht. Cé go bhfuil muid ag bainistiú spriocanna spriocdhátaithe agus spriocanna maoinithe na scéimeanna ar fad, tá muid i mbun creatlach nua de chuid cláir PEACE PLUS a stiúradh. Is cinnte gur deis thar a bheith fiúntach cé go bhfuil sé dúshlánach é seo ag an aon am céanna.

Reáchtáil muid na chéad cúpla seisiún eolais do na páirtithe leasmhara ag deireadh na bliana 2019 ansin (agus reáchtálfar cuid mhór eile le linn 2020), rud a chuideoidh go mór linn leagan nua den chlár úrnua seo a chinntiú.

Sníonn na heachtraí seo isteach i bpléann s'againn maidir le straitéisí comhairliúcháin chun dul i ngleic leis an chéad dréacht de chlár nua faoin am a dtitfidh an samhradh seo chugainn amach.

Ní mór a rá nach bhféadaimis ábalta an sárobair seo a chur i gcrích gan an cuidiú leanúnach ó na comhlachtaí agus na ranna seo a leanas; an Coimisiún Eorpach, an Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, Ranna Urraíochta s'againn (An Roinn Airgeadais Thuaisceart Éireann agus (An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn), chomh maith leis na Ranna Rialtais a n-oibríonn go ciú linn i dTuaisceart Éireann, in Éirinn agus in Albain.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil do na baill foirne óna Coistí Monatóireachta agus Stiúrtha de chuid PEACE IV agus INTERREG VA, as a gcuid comhairle sárluachmhar. Gabhaim mo bhuíochas do Choiste um Iniúchadh agus Measúnú Riosca an CCSAE (an Cathaoirleach Neamhspleách san áireamh) as a gcuid grinn scrúdú fosta.

Tá bród an domhain orm as an dea-thionchar agus dea-chúnamh a thiteann amach sa chomhlacht ar bhonn laethúil, agus muid ag tacú leis an phróiseas síochána sa réigiún seo agus as cé chomh díograiseach a bhíonn ár mbaill foirne i ndáil le comhoibriú trasphobail idir na saoránaigh ar fad a chur chun cinn.

Molaim go hard gach ball foirne gairmiúil a oibreann go dlúth ar bhonn laethúil sa CCSAE, is eiseamláirí iads atá lán-dírithe ar spriocanna PEACE IV agus INTERREG VA a thabhairt chun críche, mar aon leis na scéimeanna a mhaoinítear leo.

**GINA MCINTYRE**
**Príomhfheidhmeannach**
**Comhlacht na gClár Speisialta AE**



# Ról Chomhlacht na gClár Speisialta AE

## Ár Misean

"Ag athrú saolta na ndaoine trí chomhpháirtíocht agus comhar trasteorann".

## Ár mBunfhís

"Beidh tionchar dearfach buan ag an CCSAE ar na daoine a chónaíonn sna limistéir trasteorann mar gheall ar na cláir agus scéimeanna comhair rathúla dár gcuid, curtha le chéile le cuidiú an dá Rialtas agus an Coimisiún Eorpach. Beidh ardchaighdeán ionracais agus meas ar an éagsúlacht mhór maidir leis na daoine a chónaíonn sna limistéir sin mar bhunphrionsabal s'againn. Beidh muid i gcónaí ag feabhsú, ag cur an tsimplíocht chun cinn agus ag spreagadh gach ball foirne trí chomhoibriú fhairsing a fhad is go dtig leo a ndícheall a dhéanamh."

### Cur Síos a dhéanamh ar ár Ról

Is Comhlacht Thuaidh/Theas é Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) arna bhunú faoin Chomhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (Comhaontú Aoine an Chéasta), agus arna fheidhmiú ar an 2 Nollaig 1999.

Ordaítear sa chomhaontú seo go mbeidh CCSAE i mbun na mbeartas agus na rialachán arna léasú ag an Chomhairle Aireachta Thuaidh / Theas a chur chun cinn, mar atá sainithe ag an Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/ Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999 agus ag an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 arna leasú.

Feidhmíonn CCSAE mar Údarás Bhainistíochta agus Údarás Deimhniúcháin agus tá orainn an Rúnaíocht Chomhpháirteach (RS) a chur ar fáil le haghaidh gach scéim faoi réir na gclár PEACE IV agus INTERREG VA (2014-2020).

Tá ról ar leith ag an CCSAE tacaíocht a thabhairt do cibé rannpháirteachas Thuaidh/ Theas i dtaobh scéimeanna trasnáisiúnta den chlár INTERREG VB nuair atá Tuaisceart Éireann i gceist.



**Alyn Jones (Iontaobhas Dobharcheantair na hAbhann Móire) agus roinnt daltaí ó Bhunscoil Naomh Mhuire, Cill Laisre, i mbun léiriúcháin ar staidéar na n-inveirteabrach.**

# Críocha is mó bainte amach in 2019

| Cuspóirí | Príomhthorthaí |
| --- | --- |
| 1. Na príomhtháscairí feidhmitheacha a bhaint amach agus torthaí na gclár PEACE IV agus INTERREG VA a mhéadú, trí gach scéim a thacú mar is ceart a fhad is go mbeidh ráth suntasach acu sa tsochaí ar fad. | • D'éirigh linn 98.9% de mhaoiniú an chláir INTERREG VA agus 102.7% de mhaoiniú an chláir PEACE IV a chur ar fáil, le 128 litir thairisceana eisithe chuig na scéimeanna.<br>• D'éirigh linn na spriocanna N+3 le haghaidh INTERREG VA agus PEACE IV a bhaint amach.<br>• Chuir muid traenáil agus oiliúint chuimsitheach ar fáil dár gcomhpháirtithe cinn ar fad in 2019. Thug muid sainoiliúint áirithe do na húdaráis áitiúla i dtaobh síocháin agus athmhuintearas a chothú de san áireamh. Tharla seo ar bhonn áitiúil. Bhí muid in ann traenáil fhíorúil a chur leis an traenáil aghaidh ar aghaidh a bhuíochas don Údarás Bhainistíochta, an tAonad Rialaithe Airgeadais agus an Chomhrúnaíocht. |

| Cuspóirí | Príomhthorthaí |
| --- | --- |
| 2. Sármhaitheas san fheidhmíocht ghnó de chuid CCSAE a bhaint amach trí phróiseas riaracháin éifeachtach agus éifeachtúil a chur i bhfeidhm (laistigh de chreat rialachais chorparáideach atá dírithe ar riachtanais fhreagracha. | • Cuirtear leis an Chlár Riosca Corparáideach gach uile mhí agus athbhreithnítear é ar bhonn ráithiúil ag an Choiste um Iniúchadh agus Measúnú Riosca.<br>• D'éirigh linn na moltaí a tháinig aníos sa dara tuarascáil chur chun feidhme agus meastóireacht (nó an tuarascáil eatramhach) a thabhairt chun feidhme, nuair ab fhéidir linn, i rith 2019 ar fad. Beidh roinnt moltaí sin freagrach as forbairt an chláir PEACE PLUS.<br>• Sheol muid an dá tuarascáil chur chun feidhme bliantúil (tuarascáil eatramhach) chuig an Choimisiún Eorpach roimh an spriocdháta rialála, an 30 Meitheamh 2019.<br>• Tháinig Coiste Faireacháin an chláir PEACE IV le chéile ar an 14 Meitheamh agus ar an 14 Samhain.<br>• Tháinig Coiste Faireacháin an chláir INTERREG VA le chéile ar an 30 Bealtaine agus an 28 Samhain.<br>• D'uasghrádaigh muid ár gcóras EMS go dtí an leagan 4_3.t2 tar éis tástáil úsáideora an-mhór i rith 2018 ar fad agus faoi thús na bliana 2019. Méadaítear feidhmiúlacht an chórais seo leis an leagan uasdátaithe seo, go háirithe; sreabhadh oibre mionathraithe níos fearr (nuair a cheadaítear na scéimeanna mionathruithe a áitiú agus iad ábalta tuarascáil chomhpháirtí a bhreathnú agus a dhréachtú), faisnéis níos fearr ar fáil sna táblaí chomhpháirtí, agus rochtain inléite amháin a thabhairt d'úsáideoirí ceadaithe maidir le tuarascáil chomhpháirtí agus tuarascáil scéime. Seasann an córas fós mar ghléas mhór roimh na scéimeanna chun éileamh caiteachais a bhreathnú ar bhealach sheasmhach rialaithe. |

| Cuspóirí | Príomhthorthaí |
|---|---|
| **3. Comhpháirtíocht a chur ar fáil d'iarrthóirí agus do thairbhí araon, chun cinnte a dhéanamh go mbeidh na scéimeanna curtha i gcrích mar is ceart de réir mar atá siad sna litreacha tairisceana agus le bheith i mbun na róil leagtha síos sna cláir INTERREG VB (trasnáisiúnta) agus INTERREG VC (idir-réigiúnach).** | • Le linn 2019, d'éirigh go geall le CCSAE na páirtithe leasmhara príomha ón réigiún a aithint agus muid ag iarraidh rannpháirteachas Thuaisceart Éireann agus thar limistéar teorann na hÉireann a mhúnlú. Faoi dheireadh na bliana 2019 bhí 64 scéim san iomlán páirteach, agus bhí ar a laghad comhpháirtí amháin ó Thuaisceart Éireann ar fáil i ngach aon cheann - d'éirigh le 78 comhpháirtí Thuaisceart Éireann áit a bhain amach ar na scéimeanna uile. Tugadh maoiniú iomlán ERDF dá luach €16.5 milliún chuig na comhpháirtithe sin.<br>• Lean an CCSAE ar aghaidh ag bainistiú próiseas smachtú na gcomhpháirtithe Thuaisceart Éireann mar atá curtha i gcrích sna cláir INTERREG VB/VC |

| Cuspóirí | Príomhthorthaí |
|---|---|
| **4. Infheistíocht a dhéanamh ar fhorbairt ár n-acmhainní daonna chun cinntiú go mbeidh sároiliúint ag ár mbaill foirne agus go mbeidh siad spreagtha, solúbtha agus tacúil cuí mar fhoireann.** | • D'obair an CCSAE go díograiseach le linn 2019 a fhad is go raibh muid in ann éifeachtacht na ranna agus slánaíocht na ranna a stiúradh mar is ceart.<br>• I ndáil le tinreamh na mball foirne, bhí uimhir 6.07% san iomlán ann maidir le laethanta oibre caillte ag na meithleacha ar fad, cé go raibh sprioc níos lú i gceist (4%) Bhí meánmhéid laethanta caillte dar luach 10.17 lá againn, in aghaidh na sprice 6.5 lá a bhí againn. Leis sin ráite, tuigimid nach bhfuil na huimhreacha sin ar chomhleibhéal céanna ná mar a leagadh amach, ach go raibh tionchar mór ag na baill foirne a raibh/ a bhfuil tinneas fadtéarmach acu ó thaobh na figiúirí deireanacha de |

# Forléargas
# ar an Chlár PEACE

**Is tionscnamh trasteorann ar leith é an clár PEACE a tháinig ar an fhód chun cúrsaí síochána agus cúrsaí athmhuintearais i dTuaisceart Éireann agus limistéir Theorann na hÉireann a neartú.**

Ba 1995 ab'ann nuair a cuireadh an chéad chlár PEACE le chéile tar éis an próiseas síochána i dTuaisceart Éireann, go háirithe an sos cogaidh a thit amach sa bhliain 1994. Chuidigh an tAontas Eorpach go mór chun freagair dearfach cosúil leis an chlár PEACE a bhunú.


De réir mar a fhásann an próiseas, fásann an clár PEACE freisin agus tá ról ar leith fós acu maidir le dul chun cinn agus sochaí níos seasmhaí agus níos aontaithí a chinntiú.


Díríonn an clár is déanaí, PEACE IV (2014-2020) isteach ar phaistí agus daoine óga, ar thionscnamh oideachais chomhroinnte, ar dhea-chaidrimh an dhá pobal deighilte a chothú agus díríonn sé isteach ar limistéir agus seirbhísí nua comhroinnte a thógáil.

Tá luach iomlán thart faoi €270 milliún ag an chlár- idir síntiúis an ERDF (dá luach €229 milliún nó 85%) agus síntiúis mheaitseála ó Rialtas na hÉireann agus ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann (dá luach €41 milliún nó 15%).

Faoi dheireadh na bliana 2019, bhí €276.8 milliún den chiste cionroinnte ag an chlár, agus é ag tacú le 96 scéim éagsúla.

**Clúdaítear dea-thionchar na scéimeanna seo, maidir leis an dá phobal deighilte a thabhairt le chéile agus sochaí níos aontaithí a chur chun cinn, sna cás-staidéir seo a leanas ón chéad leathanach eile ar aghaidh.**



## PÁISTÍ AGUS DAOINE ÓGA

### An scéim 'HEROES' (Helping Equality, Respecting Others, Enabling Success

Is scéim chuimsitheach trasteorann é HEROES, rud a dhíríonn isteach ar dhaoine óga, ón dá taobh den teorainn, a bhfuil agus nach bhfuil riachtanais fhoghlama acu. Tugann sé deis do thairbhí dul i ngleic leis an stiogma a bhaineann le riachtanais fhoghlama agus tugann sé modhanna iontacha dóibhdea-chaidrimh shóisialta a chothú mar gheall ar fhorbairt pearsanta agus cláir na saoránach

Tá sé mar rún ag an scéim seo fáinne fí an eisiachta a bhriseadh síos agus imeallú na ndaoine óga a réiteach, agus de thoradh ar sin, faigheann na daoine óga seo muinín agus féintuiscint sa bhreis a fhad is go mbeidh siad in ann a bheith sóisialta le pobail, cúlraí agus cumais éagsúla dá chéile.

Tá Mencap NI i mbun na scéime seo, i rannpháirtíocht le YMCA Dhoire, le Fóram Chomhpháirteach Devinish agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Thír Chonaill agus Shligigh.

**Síntiús Maoiniúcháin: €1.78m**



**Baill Óga na scéime HEROES ag síniú na mballaí síochána i mBéal Feirste agus iad ag taisteal na cathrach ar bhus 'Hop-On-Hop-Off'**

### An scéim 'Futures'

Is scéim comhpháirtíochta é FUTURES a chlúdaíonn Campas Uirbeach Bhéal Feirste, Start360 agus Feidhmeannacht Tithíochta Thuaisceart Éireann. Dearadh é do dhaoine óga idir 16 agus 24 bliana d'aois chun léargas a thabhairt dóibh maidir le sochaí níos aontaithí a bhunú agus an dóigh cheart chun dea-chaidrimh éifeachta a thógáil le daoine óga eile ó chúlraí éagsúla.

Tá cáilíocht ar fáil tríd an scéim seo, go háirithe leibhéal 2 OCN i Sláinte agus Rath Pearsanta; faigheann siad meantóirí aonaracha agus téann siad ar thurais ar bhonn cónaithe.

**Síntiús Maoiniúcháin:€3.78m**



**Daoine óga agus baill foirne araon ag an lainseáil oifigiúil de scéim 'Futures' ar champas Uirbeach Bhéal Feirste.**

## DEA-CAIDRIMH A CHOTHÚ (RÉIGIÚNACH)

### Reading Rooms: An scéim 'Listen, Share, Change'

Glacfaidh thart faoi 1,560 tairbhí páirt sa scéim seo 'Listen, Share, Change'. Tá an scéim á  cur ar fáil tríd an tsamhail nuálach 'Reading Rooms' mar chuid de na hEalaíona Béil. Úsáidtear comhrá trí mheán na litríochta amháin sa tsamhail seo chun ceisteanna agus topaicí deacra a phlé le linn grúpaí léitheoireachta.

Tugann an modh ar leith seo deis nach beag do na rannpháirtithe ceisteanna a bhaineann lena saol féin a fhiosrú agus machnamh a dhéanamh orthu (m.sh. ant-ilchineálach, an dúchas agus cúrsaí coimhlinte) Is é bunphrionsabail na scéime seo ná dea-chaidrimh a chothú trí scéalta, comhráite agus eispéiris comhroinnte gach duine ó na cúlraí éagsúla.

Ina theannta sin, bunófar 120 'Crann Taca Ceantair na Todhchaí agus cuirfear oiliúint agus forbairt ar fáil dóibh - rud a rachaidh go mór i bhfeidhm leis an saothair seo don clár PEACE IV. Cruthófar 104 Ceannaire Óg na Todhchaí fosta a mbeidh in ann saoránacht ghníomhach a chur chun cinn agus cúrsaí áitiúil a stiúradh.

**Funding Award: €1.6m**




**Feictear sa ghrianghraf: Príomhfheidhmeannach an CCSAE Gina McIntyre agus beirt Crann Taca Ceantair, Anthony McKay agus Ali Fell ag lainseáil na scéime 'Listen Share Change' (clé go deas)**

# CÁS-STAIDÉIR
## DE CHUID PEACE IV

### An scéim 'Next Chapter'

Seasann an scéim 'Next Chapter' do chúrsaí tógála síochána agus d'athruithe mór sa tsochaí trí chumhachtú na mban agus róil na mban i ngach

aon ghné den saol a ardú; go háirithe sna pobail, sna ranna poiblí agus na ranna polaitíochta.

Curtha le chéile ag 'Politics Plus', ag an Chomhairle Thuaisceart Éireann um Ghníomhaíocht Dheonach agus ag Nasc Tuaithe na hÉireann, cuidíodh le 10 gCraobh go dtí seo, agus breis is 300 bean rannpháirteach.

Thug na Craobhacha sin deis do na mná bualadh le chéile, líonrú agus comhoibriú ar thionscadail éagsúla.

D'éirigh le roinnt ban ó na Craobhacha sin seasamh i dtoghcháin; ghlac siad le róil úrnua sna pobail, bhí siad in ann feachtais áitiúla agus náisiúnta a bhaint amach ach an rud is suntasaí ná gur éirigh leo an bealach a réiteach don ghlúin nua de ghníomhaithe ban atá ag teacht aníos.




**Feictear sa ghrianghraf: Geoff Nuttall- NICVA, Sinead Dooley- Nasc Tuaithe na hÉireann, Arlene Foster- An Chéad-Aire, Gareth McGrath- Politics Plus, Michelle O'Neill- LeasChéad- Aire, Gina McIntyre POF CCSAE agus Aoichainteoir Gina Martin.**

**Síntiús Maoiniúcháin: €1.45m**

## LIMISTÉIR CHOMHROINNTE

### An scéim 'Monaghan Peace Campus'

Agus é críochnaithe, seasfaidh an 'Peace Campus' mar fhoirgneamh agus timpeallacht comhroinnte ina mbeidh ceithre urlár agus carrchlós ann, beidh an campas lonnaithe i gcroílár baile Mhuineacháin.

Titfidh go leor clár gníomhaíochtaí amach san fhoirgneamh seo, cláir a bheith ag iarraidh go dtiocfaidh daoine le chéile ar bhonn trasphobail agus trasteorann - rud a réiteofar míthuiscint agus a thógfar dea-chaidrimh sna pobail agus taobh amuigh.

Chomh maith leis an spás comhroinnte a thógfar sa scéim seo, cruthófar club na n-óg, leabharlann bhaile nua agus spás oidhreacht chultúrtha.

Forbraíodh an scéim seo mar gheall ar shocrú trasphobail agus anois seasann agus tacaíonn an tOrd Oráisteach agus Gníomhaireacht na hUltaise araon leis.



**Léaráid ealaíontóra den fhoirgneamh críochnaithe.**

**Síntiús Maoiniúcháin: €9.54m**

# CÁS-STAIDÉIR
## DE CHUID PEACE IV


### An scéim 'Newforge Community Development Trust'

Forbrófar suíomh 15 acra in aice leis an Lagán, ar lána Newforge i nDeisceart Bhéal Feirste agus tabharfaidh 'Newforge Community Development Trust' air. Bhí an suíomh in úsáid ag Cumann Lúthchleas an RUC agus ag na baill PSNI le breis is 60 bliain anuas.

Ba ghnáth leis an suíomh daingean seo a bheith doshroichte don phobal. Athróidh an scéim nua maoinithe ag PEACE IV seo agus cuirfidh muid saoráid spóirt, idir taobh istigh agus taobh amuigh freisin ina áit agus beidh an saoráid ar fáil do chách.

Beidh grúpaí forleathan in ann an suíomh nua-forbartha seo a úsáid, go háirithe: grúpaí pobail, grúpaí óga, scoileanna, séipéil agus eaglaisí, clubanna spóirt agus fiú cónaitheoirí na cathrach móire.

Nuair a bheas sé críochnaithe, tabharfaidh an scéim aird ar athmhuintearas trasphobail agus ar thacaíocht do na seirbhísí slándála agus sábháilteachta chun iad uile a mhealladh trí rannpháirteachas spóirt.




**Léarscáil láithreáin ina fhorbrófar 'Newforge Community Development Trust'.**

**Síntiús Maoiniúcháin: €5.79m**



# An Clár INTERREG VA: Forléargas

**Iarrann an clár INTERREG ar dhaoine ó réigiún agus tíortha éagsúla teacht le chéile agus teacht ar réitigh a rachaidh chun tairbhe orthu uilig. Cuireann an clár seo maoiniú ar fáil do go leor scéimeanna ar bhonn trasteorann, idir Tuaisceart Éireann, Contaetha Teorann na hÉireann agus Albain Thiar. Tá na scéimeanna seo ag cosaint limistéir chomhroinnte, ag feabhsú sláinte na ndaoine, ag ísliú astaíochtaí charbóin agus ag ardú gnóthaí éagsúla.**

Thosaigh an chéad chlár INTERREG IA i 1991 agus críochnóidh an clár is déanaí (INTERREG VA) in 2020. Idir na blianta sin beidh thart faoi €1.13 billiún infheistithe isteach sa réigiún. Ón fhigiúr sin, tá muid ag caint faoi thart faoi €810 milliún a tháinig díreach ón Aontas Eorpach é féin.


Cuireadh an clár is déanaí de INTERREG VA (2014-2020) le chéile chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach níos fearr a chur chun cinn thar Thuaisceart Éireann, Limistéar Teorann na hÉireann agus Albain Thiar.

Tá luach thart faoi €283 milliún i gceist - folaítear síntiús an ERDF dá luach €240 milliún (85%) agus síntiús meaitseála Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann araon dá luach €43 milliún (15%).


Cuireann an chairt seo a leanas síos ar cheangaltais airgid 2019, ag brath ar chuspóirí na scéimeanna.

**Cuirtear sonraí breise síos sna cás-staidéir, a thosaíonn ar an chéad leathanach eile, agus ar na cineálacha cláir a bhí idir lámha ag INTERREG VA ó 2014-2020.**

**Líon na scéimeanna**




**Ceangaltais airgid na scéimeanna éagsúla (€m)**



## TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT

### An scéim CPM ('Centre for Personalised Medicine, Clinical Decision Making and Patient Safety')

Seasann bunchuspóir an CPM, faoi cheannas Ollscoil Uladh, do chumas taighde réigiúnach le haghaidh uirlisí conairí cliniciúla nua a aimsiú d'othair a bhfuil ceann de na galair curtha in ord tosaíochta orthu. De ghnáth, bíonn tairbhí tráchtála agus infheistíocht feasta bainte leis na huirlisí seo.



Úsáidfidh gach ceann de na cúig bhraisle taighde modhanna agus teicneolaíocht an leighis phearsantaithe agus cuirfidh siad iad i bhfeidhm ar: ghalar croí, obráidí éigeandálaí, géarghortuithe duán, cúram neamhsceidealta diaibéitis agus ar chruinneas diagnóiseach don néaltrú.

**Is é bunchuspóir na scéime CPM ná taighde trasteorann a mhéadú agus cóir leighis féideartha a chur roimh na galair atá curtha in ord tosaíochta.**

Seo na galair a mbíonn gá cliniciúil nach beag orthu agus na rudaí a mbeidh leas go mór orthu mar gheall ar shaineolas trasteorann acadúla tráchtála agus idirdhisciplíneacha atá ar fáil sa scéim.

**Funding Value: €8.62m**

# An Clár INTERREG:
## CÁS-STAIDÉIR

### An scéim SPIRE 2 (‘Storage Platform for the Integration of Renewable Energy’)

Tá scéim SPIRE 2 ag dul i ngleic le fadhb inathraitheachta an fhuinnimh in-athnuaite agus ag rá gur féidir le stóras fuinnimh atá faoi úinéireacht an tomhaltóra an fhadhb a réiteach. Pléitear an dóigh a mbíonn tithe agus gnóthaí in ann fuinneamh in-athnuaite a stóráil go héifeachtúil agus an dóigh gur féidir ardleibhéal den fhuinneamh in-athnuaite dul chuig eangacha cumhachta ar bhonn domhanda fad a uasmhéadófaí leas an tomhaltóra.



Tá go leor ag comhoibriú ar an scéim seo, 3 institiúidí taighde, 12 gnóthaí/ fiontair agus Ollscoil Uladh mar chomhordaitheoir na scéime, tagann siad uilig le chéile ag Scoil Fíorúil Chéimithe Taighde. Forbrófar cláir ionsamhlaithe ar ríomhaire de dheasca seo agus samhaltófar margaí leictreachais thar an Bhreatain Mhór agus thar Éirinn.

**Tá an scéim ag fiosrú dóigheanna chun fuinnimh in-athnuaite a stóráil ar bhealach níos éifeachtúla.**

Agus é críochaithe, beidh 78 irisleabhar piarmheasúnaithe agus foilsiú comhdhála curtha i gcló acu. Déanta ag údair trasteorann, tá féidearthacht ann tionchar eacnamaíocha fadtéarmach a bhunú leis seo.

**Síntiús Maoiniúcháin: €6.46m**

## SLÁINTE AGUS CÚRAM SÓISIALTA




### An scéim MACE ('Multiple Adverse Childhood Experiences')

Tá mar aidhm leis an scéim seo saolta na bpáistí leochaileacha (agus a gcuid teaghlaigh) is mó atá i mbaol mar gheall ar raon dúshlán agus deacrachtaí ina gcuid saolta, a athrú ó bhonn, ach iad a chothú agus tacú leo ina dtithe agus ina bpobail féin. Tá an scéim faoi cheannas na Comhpháirtíochta CAWT agus TUSLA.

Tugann an scéim deis cur chuige nua a fhorbairt maidir le rannpháirteachas teaghlaigh ina bhfuil páistí idir 0-3 agus 11-13 bliana agus atá i mbaol gan a lánacmhainn a bhaint amach.  Agus an scéim críochaithe, beidh MACE ag iarraidh bheith ag obair le 3,125 teaghlach agus ag iarraidh idirghabháil luath agus tacaíocht chothaitheach a chur ar fáil dóibh, ina dtithe agus ina bpobail féin, ar bhonn trasteorann.

**Síntiús Maoiniúcháin: €5m**

## An scéim 'Need to Talk'

Tacaíonn an scéim seo le daoine a chaill radharc na súl nó iadsan a bhfuil fadhbanna radharc acu thar Thuaisceart Éireann, thar Éirinn agus thar Albain Thiar ar fad.

Cuireadh an scéim trasteorann seo le chéile chun tacaíocht a thabhairt do shaoránaigh a bhfuil fadhbanna súl nó cailliúint radharc na súl orthu.

Faoi cheannas an RNIB (Royal National Institute of Blind People), tá an scéim ar fáil do dhaoine atá ag streachailt le haonrú sóisialta agus le crá mothúchánach mar gheall ar a gcuid fadhbanna súl. Tá foireann de chomhairleoirí ar fáil chun comhbhá agus tacaíocht mhothúchánach a chur ar fáil nuair is gá.



**Tacaíonn an scéim 'Need to Talk' le go leor daoine a mbíonn fadhbanna súl ná cailliúint radharc na súl orthu.**

Léiríonn figiúirí an RNIB go bhfuil ar a laghad 3,500 duine ag streachailt le cailliúint radharc na súl in Argyll agus in Bute amháin. Is féidir leis an scéim difear ollmhór a dhéanamh d'iadsan agus dá gcuid teaghlaigh.

**Síntiús Maoiniúcháin: €1.8m**

## COMHSHAOL

### An scéim SWELL ('Shared Waters Enhancement and Loughs Legacy) - céim 2

Cuideoidh céim 2 den scéim SWELL go mór chun cáilíocht uisce a fheabhsú amach ó na huiscí trasdultacha comhroinnte, Loch Cairlinn agus Loch Feabhail, trí uasghrádú ionaid chóireála fuíolluisce ar an dá thaobh den teorainn.

Mar gheall nach stadann ceist an chomhshaoil ar aon teorann, tá ar SWELL cur chuige straitéiseach ar leith a roghnú chun cáilíocht uisce na huiscí comhroinnte a fheabhsú.

Amharcann SWELL ar dhobharcheantair na lochanna cosúil go mbíonn éiceachóras i gceist le gach aon dobharcheantar agus tá truailliú ag sní isteach chucu ón dá taobh den teorainn.

Cuirfidh SWELL sampla iomlán straitéiseach i gcrích, rud a chónascfar gach dobharcheantair agus sampla mara le chéile chun sampla éiceachóras mór amháin a chruthú. Beidh an sampla seo úrnua agus nuálach ó thaobh sonraithe agus scála de.

**Funding Award: €35m**



**Aonad Cóireála Fuíolluisce an Phointe, mar pháirt den scéim athfhorbartha.**

## An scéim CABB ('Cooperation across Borders for Biodiversity')

Is scéim caomhnaithe trasteorann é CABB le 6 chomhpháirtí i gceist agus atá faoi cheannas an RSPB ('Royal Society for the Protection of Birds') Thuaisceart Éireann. Tá an scéim ag feabhsú gnáthóga d'éin, d'fhéileacáin agus do phlandaí fud fad na hÉireann, Cósta an Albain Thiar agus Tuaisceart Éireann.

Seasann gach talamh portaigh, féarach fliuch agus machaire mara mar áit chónaithe riachtanach do neart fiadhúlra, dá leithéid: an crotach, an pilibín, cromán na gcearc agus an fritileán réisc. Tá cuid mhór de na gnáthóga seo faoi bhagairt draenála, i mbaol fhéarach garbh, ag streachailt le drochthalmhaíocht nó i bponc mar gheall ar athrú aeráide.



Caomhantóirí deonacha i mbun suirbhéireachta ar an fhritileán réisc, speicis atá i mbaol. (Grianghraf mar bhuíochas le: Peter Lytle).

Tá an scéim cúig bliana ag obair go dlúth le feirmeoirí, úinéirí talún, gnáth-gníomhaireachtaí agus roinnt comhlachtaí éagsúla chun gnáthóga a chosaint ag cuid de na limistéir faoi chaomhnú speisialta is mó le rá.

**Síntiús Maoiniúcháin: €4.77m**



Clibeáladh roinnt rónta sular scaoileadh amach san uisce arís iad chun forbairt iompraíochta s’acu a thaifeadadh. Rinneadh sin faoin  scéim ‘Sea Monitor’.

# Cláir thrasnáisiúnta agus Cláir idir-réigiúnacha

**Le linn 2019, d'éirigh go geall le CCSAE na páirtithe leasmhara príomha ón réigiún a aithint agus muid ag iarraidh rannpháirteachas Thuaisceart Éireann a leathnú.**

Chuir an CCSAE tacaíocht iontach ar fáil, cosúil le seisiún aonaracha d'iarrthóirí féideartha, seimineáir eolas agus nuachtlitreacha lán le faisnéis i ndáil leis na ceithre chlár VB agus VC ina bhfolaítear: an Clár Forimeall Thuaidh agus Artach, Clár Iarthuaisceart na hEorpa, Clár Limistéar an Atlantaigh agus Clár INTERREG na hEorpa.

Faoi dheireadh na bliana 2019 bhí 64 scéim san iomlán páirteach, agus bhí ar a laghad comhpháirtí amháin ar fáil i ngach aon cheann - d'éirigh le 78 gcomhpháirtí áit a bhain amach ar na scéimeanna uile.

### An scéim MOSES ('Maritime Ocean Sector and Ecosystem Sustainability')

Maoinithe ag Clár Limistéar an Atlantaigh de chuid an AE, is é sprioc scéim MOSES ná an inbhuanaitheacht a bhaineann leis an 'Fhás Gorm' a thuigbheáil agus a chainníochtú go huile is go hiomlán. An rud atá i gceist le fás gorm ná fás éigin taobh istigh den earnáil mara nach bhfuil drochthionchar aige ar an timpeallacht mara.

Tá 8 gcomhpháirtí páirteach leis an scéim, ó gach ceann de na cúig stát de chuid Limistéar an Atlantaigh agus tá sé faoi cheannas an SEMRU (Aonad Taighde Mara Socheacnamaíoch) lonnaithe in Ollscoil na hÉireann (NUIG).

Mar pháirt d'Ollscoil na Banríona (QUB), Béal Feirste, tá go leor ceantar mara in úsáid mar chás-staidéir le haghaidh limistéir 'an fháis ghoirm'. Roghnóidh cuan Bhéal Feirste le bheith ina cás-staidéar agus beidh scrúduithe déanta istigh ann chun fadhbanna na gcalafort agus fadhbanna na hearnála loingeas a aimsiú agus ansin a réiteach.



An fhoireann MOSES.

# Fís na gClár a chur in iúl sa bhliain 2019

**Bhí an CCSAE i láthair ag neart eachtraí, comhdhálacha agus taispeántais le linn 2019 agus gach uair bhí muid in ann dea-thionchar na scéimeanna maoinithe ó na cláir PEACE IV agus INTERREG VA a thaispeáint, chomh maith le dea-thionchar na saoránach ar an dá thaobh den teorainn.**

Chun sárobair na gclár éagsúla a cheiliúradh ar leibhéal Eorpach níos mó, reáchtáil muid taispeántas idirghníomhach na scéimeanna in oifig Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann, sa Bhruiséil, mar pháirt de cheiliúradh lá Fhéile Pádraig ar an 15 Márta.



**Ionadaithe ón dá clár PEACE IV agus INTERREG VA a tugadh chuig an taispeántas chun cuidiú le tionchar an mhaoinithe a chur in iúl agus ceisteanna a fhreagairt faoina ngníomhaíochtaí go dtí sin. D'éirigh go geall leis an taispeántas ar bhonn uilechoiteann agus bhí aiseolas thar a bheith maith ag na hoifigigh AE a bhí i láthair linn.**

**Ar an 11 Meán Fómhair, d'eagraigh CCSAE taispeántas iomráiteach a thit amach in Ionad Comhdhála Dynamic Earth, Dún Éideann le dea-thionchar an chláir INTERREG VA in Albain a thaispeáint. Rinne Rialtas na hAlbain, Scotland Europa agus Scottish Enterprise urraíocht ar an taispeántas.**

Bhí 16 scéim maoinithe de chuid INTERREG VA ar taispeáint ag an ócáid agus mhínigh muid an tsárobair atá maoinithe againn sna ranna taighde agus forbairt, sláinte agus cúram sóisialta agus cosaint na timpeallachta.

Folaítear an scéim nuálach 'BREATH' sa taispeántas, tionscnamh iontach atá ag iarraidh dul i ngleic le Galar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach (COPD), faoi cheannas Ollscoil na hAlbain Thiar.

Ag an taispeántas thug an tAire Fiontar, Trádálá agus Fostaíochta, Ivan McKee (MSP) óráid inar chuir sé síos ar an deis a thugann an clár INTERREGVA do chomhlachtaí in Albain chun caidrimh idirnáisiúnta a thógáil agus chun dúshlán a réitigh thar teorainn.




**An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Ivan McKee (MSP) i mbun óráide ag an ionad comhdhála, Dún Éideann.**




**Tháinig scéimeanna maoinithe de chuid INTERREG VA lonnaithe in Albain Thiar le chéile don taispeántas.**

Ón 17 go dtí an 19 Meán Fómhair, bhí an CCSAE á thaispeáint ag an Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i gcontae Cheatharlach (éacht a mheall corr a bheith 300,000 cuairteoir ó gach ceann den tír ann). Roghnaíodh dhá scéim mhaoinithe de chuid PEACE IV; Gréasán na nDaoine Óga le haghaidh Síochána (stáisiún raidió curtha le chéile ag an aos óg) agus Comhairle Contae Lú (Pléann Gníomh de chuid PEACE) le taispeántas a dhéanamh in éineacht leis an CCSAE.




**Cuidíonn bó an CCSAE le cúrsaí ag an Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Contae Cheatharlach, Éire.**

Ar an 9 Dheireadh Fómhair, d'éirigh le ceann de na scéimeanna ó chlár INTERREG IV, 'Paraimhíochaineoirí Trasteorann' an gearrliosta mar pháirt de shearmanas bliantúil 'REGIOSTARS' a bhaint amach, éacht mór a thit amach sa Bhruiséil.

Is searmanas bronnta bliantúil é REGIOSTARS a bhfuil cáil air fud fad na hEorpa. Cé nach raibh bua na hoíche ag an scéim, ba rud ollmhór é fiú an gearrliosta sáriomaíoch thar gach ballstát sin a bhaint amach.

Cuireann an scéim seo saintraenáil ar fáil do pharaimhíochaineoirí trasteorann le go mbeidh siad in ann cúram níos doimhne agus scrúduithe níos forleithne a thabhairt do na hothair agus iad sa teach nó thart a gceantair áitiúla. Is rud iontach luachmhar é do sheandaoine leochaileacha a chónaíonn sna ceantair thuaithe agus mar aon leis sin níl an méid ama agus acmhainní céanna in úsáid ag A+E agus ag na Ranna Éigeandálaí




**Sa phictiúr ag an tsearmanas bronnta tá Sean Murphy, Bainisteoir Ginearálta Otharlann Leitir Ceanainn; Gina McIntyre, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (PFO) an CCSAE; Bernie McCrory, Príomhoifigeach CAWT; Edel O'Doherty, Leas-Phríomhoifigeach CAWT; agus Damian McCallion, Stiúrthóir Náisiúnta FSS (clé go deas).**



# Cuntais don Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

### Faisnéis Chúlra

Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/ Theas é Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) atá urraithe ag an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn. Bunaíodh CCSAE an 2 Nollaig 1999 faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta, 1998 agus faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1998 ag bunú Comhlachtaí Forfheidhmithe agus mar bhuntaca leis an Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/ Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann),1999 agus an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999. Ag tuairisciú don Chomhaontú Aireachta Thuaidh/ Theas, is iad príomhfheidhmeanna CCSAE ná cistí struchtúracha AE áirithe (cosúil leis na cláir PEACE agus INTERREG) a riar mar is ceart, agus mar sin, raon na gclár forbartha agus raon na gclár athnuaite a thiteann amach go rialta i dTuaisceart Éireann, i Limistéar Teorann na hÉireann agus in Albain Thiar a thacú mar is iomchuí.

Cuireadh na cuntais seo le chéile de réir:

- Na socruithe airgeadais dá dtagraítear i gcuid 7 d'iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na Breataine-na hÉireann ag bunú comhlachtaí forfheidhmithe;
- Ordachán ón Roinn Airgeadais agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar a fhoráiltear sa Mheamram Airgeadais de chuid SEUPB; agus
- Treoir na tuarascála bliantúla agus na gcuntas arna n-eisiúint an 12 Meitheamh 2020 agus arna soláthar ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe atá i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 agus a bheidh infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn.

### Forléargas Gnó/ Príomhghníomhaíochtaí

Cuirtear forléargas na ngníomhaíochtaí CCSAE agus na forbairtí ó seo amach a bhaineann leo ar fáil sa tuarascáil bhliantúil. Tá an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) freagrach as gach plean gnó de chuid an Chomhlachta a cheadú. Ós rud é nach raibh Aire Airgeadais ag feidhmiú go dtí an 11 Eanáir 2020, níorbh fhéidir ceadú a fháil ón CATT do na pleananna gnó le haghaidh 2017, 2018 agus 2019 do Chomhlacht na gClár Speisialta AE. Amhail an dáta ar ceadaíodh na cuntais seo, tá na Pleananna sin, agus gach doiciméad corparáideach, ceadaithe ag an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas, i ndiaidh chruinniú a tionóladh an 30 Deireadh Fómhair 2020.

Is iad 2014-2020 na blianta a bhaineann le tréimhse reatha an Chláir seo agus seoladh na Cláir reatha sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn (Peace IV agus INTERREG VA) go luath in 2016.

### Torthaí na bliana

Leagtar ioncam agus caiteachas Chomhlacht na gClár Speisialta AE amach go mion ar leathanach 19. Is ionann €nil (Stg £nil - (2018: €nil (Stg £nil)) agus barrachas an Chomhlachta don bhliain 2019. Tháinig méadú suntasach ar chaiteachas na gclár ó 2018 go 2019 mar gheall ar íocaíochtaí ó na cláir PEACE IV agus INTERREG VA.

### Sócmhainní Seasta

Leagtar sonraí agus miondealú na sócmhainní seasta síos i nóta 8 a ghabhann leis na cuntais. Caitheadh an caiteachas is mó de na sócmhainní seasta ar chrua-earraí agus ar bhogearraí TFC i mbliana.

### Taighde agus Forbairt

Ní raibh caiteachas suntasach san earnáil seo.

### Eachtaí tábhachtacha a tharla i ndiaidh dheireadh na bliana

Níor thit éacht tábhachtach amach faoi dheireadh na bliana ó thaobh cur i gcrích na gcuntas de.

### Tabhartais Charthanacha

Níor thug Comhlacht na gClár Speisialta AE tabhartas carthanach amach ar feadh na bliana airgeadais.

### Comhaltaí an Bhoird

Tá Príomhfheidhmeannach Chomhlachta na gclár Speisialta AE i mbun na bhfeidhmeanna iomlána a chur i bhfeidhm. Ní shuíonn comhaltaí ar an mBord. Níl stiúrthóireacht ná leas eile idir lámha ag an Phríomhfheidhmeannach a fhad is nach mbeidh aon rud ag dul i ngleic le freagrachtaí bainistíochta s'aici.

### Íocaíochtaí le Soláthraithe

Tá Comhlacht na gClár Speisialta AE tiomanta íocaíocht phras a dhéanamh ar bhillí d'earraí agus do sheirbhísí a fhaightear i gcomhréir leis an Acht um Íocaíocht Dhéanach d'Fhiacha Tráchtála (Ús) na Ríochta Aontaithe 1998, arna leasú ag Rialacháin um Íocaíocht Dhéanach na bhFiach Tráchtála 2013 agus ag Rialacháin um Íocaíocht Dhéanach na hÉireann d'Fhiacha Tráchtála, 2013.

Ach amháin má chuirtear a mhalairt in iúl sa chonradh, beidh an íocaíocht dlite tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis iarraidh na n-earraí agus na seirbhísí a fháil ná ar shonrasc bailí (agus a leithéid de) a thabhairt ar aird, cibé acu is déanaí.

Cuireann SEUPB riail íocaíochta 30 lá i bhfeidhm i ngach ceann de na hoifigí a bhaineann leis an Chomhlacht, gan beann ar dhlínse áitiúil na mbillí féin. Léiríonn an t-athbhreithniú rialta is déanaí go bhfuil figiúr de mhéid 99.17% bainte amach ag Comhlacht na gClár Speisialta AE maidir le billí íoctha taobh istigh den sprioc sin (2018:96.81%).

Le linn Mhí na Nollag, 2008, treoraíodh Comhlachtaí Poiblí Thuaisceart Éireann chun gnóthaí a thacú trí íocaíochtaí a thabhairt do sholáthraithe tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis iarraidh ar shonrasc bailí a fháil. Le linn 2019, d'íoc SEUPB 96.11% de gach sonrasc taobh istigh de 10 lá (agus bhí 80.91% íoctha in 2018).

Tá CCSAE i ndiaidh glacadh le Téarmaí agus Coinníollacha maidir le híocaíocht deontais na Ranna Freagracha a fhad is go mbíonn siad in ann tionscadail a íoc tríd an Aonad le haghaidh Íocaíochtaí Lárnacha. Chuige sin, tá gá ann tionscadail a íoc tráth nach déanaí ná 8 lá oibre tar éis cheadú na nÚdarás Bainistíochta i ndáil le híocaíocht an tionscadail féin.

Bhain CCSAE 100% amach anseo maidir leis na híocaíochtaí arna dhéanamh i mbliana (2018 - 99.81%). Cuirtear síos ar an miondealú seo sa léaráid thíos;

| | Ln. na Sonraisc | % ar sprioc | Íocaíochtaí Déanacha |
|---|---|---|---|
| PEACE IV | 485 | 100.00% | 0 |
| INTERREG VA | 629 | 100.00% | 0 |
| Iomlán | 1,114 | 100.00% | 0 |

### Beartas Sláinte agus Sábháilteachta

Bhunaigh SEUPB beartas Sláinte agus Sábháilteachta i scríbhinn agus scaipeadh é chuig gach ball foirne. Cuireann an beartas síos ar na ceanglais dhlíthiúla roimh shláinte agus sábháilteacht, atá le cur i bhfeidhm i ngach dlínse, toisc go mbeidh SEUPB in ann ardchaighdeán Sláinte agus Sábháilteachta a bhaint amach taobh istigh den Chomhlacht ar fad.

### Fostaithe Míchumasaithe

Is ionann Plean Gníomhaíochta um Míchumas de chuid CCSAE agus tiomantas an Chomhlachta a dhualgas reachtúil a chomhlíonadh, i gcomhlíonadh Alt 49A den Disability Discrimination Act, 1995.

Cuireann an plean seo síos ar na bearta a bheidh curtha i bhfeidhm ag CCSAE, a fhad is go mbeidh comhionannas deiseanna do gach fostaí reatha agus do gach fostaí as seo amach anseo araon. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an phlean gach trí bliana i gcomhréir le Tráthchlár Pleanála agus Corparáideacha de chuid CCSAE.

Tá CCSAE tiomanta i dtreo meas agus gradam a thabhairt ar gach ball foirne míchumasaithe agus gach iarrthóir míchumasaithe araon, chun timpeallacht oibre dearfach a chur ar fáil dóibh, saor ó idirdhealú neamhdhlíthiúil, saor ó íospairt agus saor ó chiapadh mar gheall ar mhíchumas.

Go háirithe, tá beartaithe ag SEUPB an méid seo a dhéanamh:

- Timpeallacht oibre dearfach a chur ar fáil, ina nglacfar le daoine míchumasaithe gan cheist;
- Timpeallachtaí oibre a iniúchadh, le go mbainfear gach constaic roimh dhaoine míchumasaithe san áit oibre, nuair is féidir, agus saol oibre a fheabhsú dóibh go fonnmhar;
- Timpeallacht oibre sábháilte a chur ar bun;
- Scileanna agus forbairtí ár mball foirne míchumasaithe a fheabhsú, trí oiliúint iomchuí agus forbairt na mball foirne san iomlán; agus
- Rochtain ar an raon iomlán deiseanna earcaíochta agus féidearthachtaí oibre a thabhairt do dhaoine míchumasaithe.

Clúdaítear na blianta 2017-2019 sa Phlean Gníomhaíochta um Míchumas is déanaí. Tá an plean seo ailínithe leis na gealltanais straitéiseacha maidir le ceisteanna míchumais arna leagan amach i bPlean Corparáideach 3 bliana 2017-2019 s'againn.

### Rannpháirtíocht na bhFostaithe

Cuireadh na forbairtí sin in iúl dár bhfostaithe, go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil, ina measc cruinnithe foirne, grúpaí oibre do bhaill ad hoc agus imeachtaí pleanála corparáideacha struchtúracha a thiteann amach gach uile bhliain. Déantar cumarsáid ar na beartais foirne ar fad trí thairseach fhíorúil ar líne agus cinnteofar go mbeidh an fhaisnéis is úrnua ar fáil do chách mar gheall air seo.



**Gina McIntyre**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**26 Eanáir 2021**

# Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Duine Chuntasaigh

Tar éis ordú na Roinne Airgeadais agus ordú na Roinne Caiteachas Poiblí agus Athchóirithe, tá ar Chomhlacht na gClár Speisialta AE ráiteas ar na cuntais a chur i láthair, i ndiaidh gach bliain arna críochnú an 31 Nollaig, i bhfoirm agus ar bhonn threoir na gcuntas mar atá leagtha amach san aguisín a ghabhann leis na ráitis airgeadais seo.

Cuirtear na cuntais le chéile ar bhonn modh fabhraithe agus tá gá ag SEUPB léargas cothrom fíor de na cúinsí a thabhairt faoi dheireadh na bliana. Tá gá ann ioncam, caiteachas, muirir i gcothromas agus seaftaí airgid na bliana féilire a lua chomh maith.

Agus SEUPB ag cur na cuntais le chéile, tá freagracht orthu:

- Treoir na gcuntas ina bhfolaítear na ceanglais chuntasaíochta agus na ceanglais maidir le nochtadh, arna eisiúint ag na Ranna Urraithe, a chomhlíonadh agus na beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnta;
- Aird a tharraingt ar chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme agus aon imeacht ábhartha sna ráitis airgeadais a nochtadh agus a mhíniú mar is iomchuí; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú mar ghnóthas leantach, mura mbeidh sé iomchuí a thoimhdiú go leanfaidh an Comhlacht ar aghaidh i mbun feidhme.

Leagtar freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh - agus í ag seasamh mar dhuine cuntasach an Chomhlachta - amach i Meamram Airgeadais an Chomhlachta. Folaítear an fhreagracht maidir le gnás agus rialtacht an airgeadais phoiblí agus an fhreagracht i dtaca le taifid chuí a choimeád ansin fosta.

# RÁITEAS maidir le CÓRAS RIALAITHE INMHEÁNAIGH/ RÁITEAS RIALACHAIS

### Réamhrá

Sa Ráiteas seo maidir le Córas Rialaithe Inmheánaigh/ Ráiteas Rialachais le haghaidh Chomhlacht na gClár Speisialta AE, leagtar amach na struchtúir rialachais agus na nósanna imeachta um bhainistiú riosca agus rialú inmheánach a bhí i bhfeidhm san eagraíocht le linn na bliana airgeadais 2019 agus chomh fada leis an dáta ar ceadaíodh an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais. Ullmhaíodh an ráiteas seo i gcomhréir le treoir arna heisiúint ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa bhliain 2017.

### Raon freagrachta

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, táim freagrach as córas fónta rialaithe inmheánaigh a chothabháil, córas a thacaíonn le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí SEUPB a bhaint amach, a fhad a chosnaítear cistí poiblí agus sócmhainní SEUPB, a bhfuil freagracht phearsanta agam astu, i gcomhréir leis na freagrachtaí a sannadh dom sna cáipéisí Airgead Poiblí a Bhainistiú, Tuaisceart Éireann agus Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí (treoir do Ranna agus Oifigí Rialtas na hÉireann).

Tá freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta (an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin), laistigh de chreat airgeadais agus gnó, leagtha amach go mionsonrach i Meamram Airgeadais (2006) idir SEUPB agus a Ranna Urraithe. Caithfidh SEUPB feidhmiú laistigh de na caighdeáin agus an treoir maidir le cuntasaíocht agus nósanna imeachta airgeadais arna leagan amach sa leabhrán Airgead Poiblí a Bhainistiú (TÉ) agus Nósanna Imeachta Airgeadais na hÉireann. Chomhaontaigh na Ranna Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn leagan nuashonraithe den Mheamram Airgeadais an 21 Samhain 2019.

### Rialachas agus Struchtúr Bainistíochta SEUPB

Tá CCSAE ar cheann de na sé chomhlacht trasteorann a bunaíodh faoin "gComhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann lena mbunaítear comhlachtaí cur chun feidhme" a síníodh an 8 Márta 1999 (Comhaontú na Breataine-na hÉireann an 8 Márta 1999).

Mar Chomhlacht Cur Chun Feidhme Thuaidh-Theas, tá SEUPB faoi choimirce na Roinne Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn. Maidir le clárthréimhse an Aontais Eorpaigh 2014-2020, bainistíonn sé an Clár AE don tSíocháin agus don Athmhuintearas (PEACE) agus an Clár INTERREG (Tuaisceart Éireann, Éire agus Iarthar na hAlban).

### Struchtúr Eagrúcháin

Sa tréimhse a chuimsítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo, bhí SEUPB struchtúrtha ar bhonn na dtrí Stiúrthóireachtaí, mar a leagtar amach thíos:

An tÚdarás Bainistíochta

Freagracht fhoriomlán as bainistiú agus cur chun feidhme na gClár Comhoibrithe. Tá freagrachtaí éagsúla air, lena n-áirítear:

- A chinntiú go roghnaítear tionscadail de réir na gcritéar arna gceadú ag an gCoiste Monatóireachta Clár;
- Nósanna imeachta a bhunú, agus monatóireacht a dhéanamh orthu, lena chinntiú go ndéantar caiteachas tionscadal a thabhú, a éileamh agus a íoc i gceart agus de réir an dlí;
- Córais a choimeád chun sonraí maidir le gach gné de chur chun feidhme na gclár a stóráil, lena n-áirítear bainistiú airgeadais, iniúchóireacht, monatóireacht agus meastóireacht;

- A chinntiú go ndéantar meastóireacht cheart ar na cláir;
- Obair an Choiste Mhonatóireachta a stiúradh agus na doiciméid a theastaíonn uaidh chun a fheidhmeanna a thabhairt chun críche a chur ar fáil dó;
- Dlíthiúlacht agus rialtacht caiteachais a fhíorú, agus a chinntiú go gcoinnítear rianta iniúchóireachta leordhóthanacha;
- Tuarascálacha bliantúla agus tuarascálacha deiridh ar an gcur chun feidhme a ullmhú; agus
- A chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais maidir le faisnéis agus poiblíocht arna mbunú ag Rialacháin Eorpacha.

An Chomhrúnaíocht

Déanann maoirseacht ar chur chun feidhme na gClár PEACE IV agus INTERREG VA ó lá go lá, tugann tacaíocht agus comhairle don Údarás Bainistíochta agus do Choistí Stiúrtha na gClár. Tá an tAonad Tacaíochta Clár laistigh den Chomhrúnaíocht freagrach as measúnú tionscadal; seirbhísí rúnaíochta a chur ar fáil do na Coistí Stiúrtha; conarthaí a eisiúint chuig na hiarratasóirí a n-éiríonn leo; agus as bainistiú tionscadal.

Seirbhísí Corparáideacha

Cuimsíonn raon ról éagsúil a thacaíonn le cur chun feidhme na gclár. Tá foirne Cumarsáide, TFC, Airgeadais Chorparáidigh agus Acmhainní Daonna SEUPB laistigh de Sheirbhísí Corparáideacha. Is cuid lárnach de stiúrthóireacht é an tÚdarás Deimhniúcháin, atá freagrach as na héilimh chaiteachais ar fad a chuirtear ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach a dheimhniú, agus incháilitheacht ó thaobh Rialacha AE agus Náisiúnta a chinntiú. Is é a rialaíonn sreabhadh airgid thirim an chláir fosta, lena n-áirítear íocaíochtaí a dhéanamh le Comhpháirtithe Cinn, cistí a tharraingt anuas ón gCoimisiún Eorpach agus aisíocaíocht le gach Ballstát ina dhiaidh sin.

### An Creat Rialachais

I rith 2019, tháinig Coiste um Iniúchóireacht agus Dearbhú Riosca SEUPB le chéile ceithre huaire agus bhreithnigh saincheisteanna éagsúla, lena n-áirítear na córais rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm in SEUPB. Chomhlíon an Coiste a fhreagrachtaí maoirseachta i gcomhréir leis na Téarmaí Tagartha agus tá na scileanna riachtanacha aige (lena n-áirítear rialachas, tuairisciú airgeadais, bainistiú riosca, iniúchóireacht, pleanáil straitéiseach agus tuiscint ar chroí-fheidhmeanna na heagraíochta) chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach.

Mar seo a leanas comhaltas an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca i rith na bliana:

| Name | Márta | Meitheamh | Deireadh Fómhair | Nollaig |
|---|---|---|---|---|
| Derek Staveley (nach maireann) (Comhalta Neamhspleách) | | | | |
| Gerry Finn (Cathaoirleach Neamhspleách) | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Brona Slevin (Comhalta Neamhspleách) | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Frank Duffy (Comhalta na Roinne Airgeadais) | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Anne Marie Caulfield (Comhalta na Roinne Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe) | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |

- Anuas ar na comhaltaí den Choiste thuas, d'fhreastail na daoine seo a leanas ar chruinnithe fosta:
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
- Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha
- Cuntasóir Corparáideach
- Ionadaí an NIAO
- Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí
- Ceann an Údaráis Iniúchóireachta

Tá freagrachtaí an Choiste ar an iomlán leagtha amach ina Théarmaí Tagartha, agus áirítear orthu comhairle a chur ar an Oifigeach Cuntasaíochta maidir leis na nithe seo a leanas:

- Na próisis straitéiseacha maidir le riosca, rialú agus rialachas;
- Na cuntais, na beartais chuntasaíochta agus an Tuarascáil Bhliantúil;
- Gníomhaíocht phleanáilte na hiniúchóireachta inmheánaí agus sheachtraigh;
- Beartais frith-chalaoise, beartais sceithireachta, agus socruithe le haghaidh imscrúduithe speisialta; agus
- Dearbhuithe maidir le rialachas agus bainistiú na gClár AE.

Chun cabhrú leis na freagrachtaí sin a chomhlíonadh, tagann an Coiste le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtacht féin agus faigheann gach comhalta miontuairiscí ó chruinnithe na foirne sinsearaí.

Ullmhaíonn an Coiste Tuarascáil Bhliantúil chun achoimre a dhéanamh ar a ghníomhaíocht i rith na bliana, agus tháinig sé ar an tátal go bhfuil rialú riosca agus rialachas ar leibhéal sásúil in SEUPB.

### Pleanáil Gnó agus Bainistiú Riosca

Pleanáil Gnó

Laistigh de SEUPB, is próiseas atriallach í an phleanáil gnó lena mbaineann céimeanna éagsúla lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Na tosaíochtaí ábhartha arna leagan amach i Rialacháin an AE, sna Cláir Chomhoibrithe le haghaidh PEACE IV agus INTERREG VA, agus i bPleananna Corparáideacha agus Gnó gach Roinne Urraithe a bhreithniú, chomh maith leis na freagrachtaí reachtúla eile a chuirtear ar an eagraíocht;
- Athbhreithniú na foirne Bainistíochta Sinsearaí ar spriocanna na bliana roimhe seo agus ar na Príomhtháscairí Feidhmíochta, agus réimsí ina bhféadfaí tuilleadh oibre a dhéanamh á sainaithint;
- Athbhreithniú ar aiseolas ó chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara;

- An chéad dréacht den Phlean Gnó a ullmhú, le breithniú ag na Ranna Urraithe;
- Barúlacha na Ranna Urraithe a bhreithniú agus an dréacht-Phlean Gnó a chur ar aghaidh le bheith ceadaithe ag an Aire;
- Cuspóirí agus spriocanna a leagan amach ar leibhéal an bhaill foirne aonair tríd an phróiseas um measúnú foirne.

Bainistiú Riosca

Tá an creat um bainistiú riosca ceaptha riosca a bhainistiú ar leibhéal réasúnta seachas deireadh a chur leis an riosca ar fad go dteipfí na haidhmeanna, cuspóirí agus beartais a bhaint amach; ní féidir leis, mar sin, ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú absalóideach a thabhairt maidir le héifeachtacht.

Laistigh de SEUPB, tá bainistiú riosca ceaptha:

- Na rioscaí maidir le haidhmeanna, cuspóirí agus beartais a bhaint amach a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta
- Meastóireacht a dhéanamh ar an dóchúlacht go bhfíorófaí na rioscaí sin agus ar an tionchar a bheadh ann dá bhfíorófaí iad
- Rioscaí a bhainistiú go héifeachtúil, go héifeachtach agus go barainneach.

Tá an creat um bainistiú riosca leagtha amach sna doiciméid seo a leanas atá faoi réir ag athbhreithniú rialta:

- Straitéis um Bainistiú Riosca
- Ráiteas ar Fhonn Riosca
- Clár Riosca Corparáideach.

Tugtar rátáil riosca do gach riosca bunaithe ar mheastóireacht dhá chéim ar an tionchar a bheadh aige agus ar an dóchúlacht go bhfíorófaí é:

- Measúnú ar an riosca bunúsach sula sainaithnítear rialú ar bith
- Measúnú ar an riosca fuílligh, agus an fhreagairt agus na rialuithe riosca reatha agus an plean gnímh a bheadh de dhíth á gcur san áireamh.

Cuirtear an rátáil riosca fuílligh i gcomparáid leis an bhfonn riosca ansin, rud a bhunaíonn leibhéal riosca inghlactha maidir le gníomhaíocht ghnó áirithe. Sa chás go meastar gur neamhleor iad na rialuithe chun riosca a bhainistiú le bheith laistigh den fhonn riosca, sainaithnítear gníomh breise chun na rialuithe sin a neartú.

Leis an gClár Riosca Corparáideach, sainaithnítear na príomhrioscaí a bhaineann go díreach le cuspóirí corparáideacha SEUPB a bhaint amach agus ceanglaítear iad leis an bPlean Gnó bliantúil. Tagann an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí, atá comhdhéanta den Phríomhfheidhmeannach agus de na Stiúrthóirí, le chéile gach mí chun athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar an gClár Riosca Corparáideach lena chinntiú go bhfuil sé ábhartha i gcónaí. Déanann siad breithniú ar rioscaí nua a sainaithníodh trí bhíthin na cainéil bhainistíochta agus athruithe ar an timpeallacht oibriúcháin fosta agus déanann siad breithniú ar na gníomhartha atá de dhíth chun iad a mhaolú, chomh maith le mar ar éirigh le gníomhartha ar tugadh fúthu chun dul i ngleic le rioscaí reatha. Déantar athbhreithniú mionsonraithe ar an gClár Riosca Corparáideach ag gach cruinniú den Choiste um Iniúchóireacht agus Dearbhú Riosca.

Amhail ag deireadh na bliana, bhí rioscaí ar an gClár Riosca Corparáideach a bhain le; stádas oibriúcháin bhunachair shonraí, ceadú an Phlean Gnó, Bainistiú Acmhainní, an tionchar a bheidh ag imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, RGCS agus an cháil atá ar an eagraíocht.

I rith 2019, rinneadh cúpla uasghrádú ar an mbunachar sonraí eMS chun déileáil le fadhbanna oibriúcháin. Bhain an riosca amhail dheireadh na bliana le hoibriúchán an chórais agus leis an dóigh a mbeadh drochthionchar ag neamhéifeachtúlacht ar na cláir agus, dá bharr sin, ar cháil SEUPB. Leanfaimid de bheith ag obair le ríomhchláraitheoirí an chórais agus le húsáideoirí éagsúla an chórais chun réimsí drochfheidhmíochta a shainaithint, mar iarracht fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo a réiteach.

Bunaíodh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas faoi Chomhaontú Bhéal Feirste/ Aoine an Chéasta (1998), chun comhairliúchán, comhoibriú agus gníomh a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Tá sé freagrach as an bPlean Corparáideach, an Plean Gnó bliantúil agus an buiséad do gach comhlacht Thuaidh Theas a cheadú. De bharr neamhláithreacht Thionól Thuaisceart Éireann, ní raibh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas ábalta teacht le chéile agus mar thoradh air sin, níor ceadaíodh an Plean Corparáideach, an Plean Gnó ná an buiséad do 2017, 2018 agus 2019. Idir an dá linn, tá socrú teagmhasach curtha i bhfeidhm i Tuaisceart Éireann, lenar féidir leanúint de dheontas a íoc chomh fada le deireadh mhí na Nollag 2019. Déanfar an caiteachas sin a thabhairt chun rialtachta go cúlghabhálach nuair a cheadóidh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas an Plean. In Éirinn, tá an deontas ceadaithe cheana féin trí bhíthin phróiseas na ‘réamh-mheastachán’, agus níl socrú teagmhasach de dhíth. Níl aon riosca suntasach ann, dá bharr sin, maidir le gnóthas leantach.

Leanfaidh SEUPB de mhonatóireacht a dhéanamh ar na réimsí riachtanais a bhfuil gá leo lena chinntiú go ndéantar seirbhísí na heagraíochta a sholáthar go héifeachtach agus go héifeachtúil, agus cuirfidh sé acmhainní ar fáil dóibh.

Tá an riosca a bhaineann le himeacht na Ríochta Aontaithe ón AE fós sainaitheanta ar an gclár riosca agus leanfaidh SEUPB de mhonatóireacht a dhéanamh ar an riosca go dtí go gcomhaontófar mionsonraí sainiúla an imeachta.

Táthar fós ag féachaint ar an riosca a bhaineann leis an eagraíocht a bheith ag cloí le riachtanais RGCS mar riosca tábhachtach, mar gheall ar na pionóis a d’fhéadfadh mainneachtain cloí leis na rialacháin a bheith mar thoradh orthu. Tá an Comhlacht sásta go bhfuil gach próiseas agus nós imeachta i bhfeidhm ach de bharr nádúr casta na rialachán, moladh an riosca a choinneáil faoi athbhreithniú corparáideach sa tréimhse amach romhainn.

Is eagraíocht é CCSAE a phléann le gníomhaíochtaí ardphróifíle. Mar thoradh air sin, ardaíodh an riosca go ndéanfaí dochar do cháil na heagraíochta go dtí an Clár Riosca Corparáideach chun a stádas ardtosaíochta san eagraíocht ar an iomlán a chinntiú.

Feidhmíonn SEUPB trí chóras faisnéise shonracha; eMS, ina bhfuil na sonraí oibriúcháin do na cláir PEACE IV agus INTERREG VA; SUN, córas airgeadais SEUPB agus TRiM, an Córas Bainistíochta Doiciméad Leictreonach agus Taifead (EDRMS). Tá tástáil déanta ar gach córas agus tá rialuithe leordhóthanacha i bhfeidhm maidir le faisnéis.

Baineann SEUPB úsáid as faisnéis ó fhoinsí sonraí agus córais éagsúla arna bhfeidhmiú ag an gcomhlacht. Maidir le méadracht feidhmíochta, is ábhar muiníne do SEUPB é gur córas é eMS, an príomhchóras, atá in úsáid ar fud an AE chun faisnéis clár a bhainistiú agus go ndearnadh athbhreithniú ar stóinseacht an chórais mar chuid den ainmniúchán. Faightear sonraí a bhaineann le  hAirgeadas agus Acmhainní Daonna ó chórais a ndéanann Seirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí SEUPB scrúdú rialta orthu. Leis an bhfaisnéis a fhaigheann Bainistíocht Shinsearach SEUPB ó na córais sin, tugtar deis dóibh a ndualgais a chomhlíonadh maidir lena n-oibleagáidí cinnteoireachta agus cuntasachta.

### Riosca Calaoise agus Riosca Faisnéise

Riosca Calaoise

Tá beartais éagsúla i bhfeidhm ag SEUPB atá ceaptha an riosca calaoise a íoslaghdú. Áirítear orthu:

- Beartas Frith-chalaoise
- Beartas um Coinbhleachtaí Leasa
- Treoir maidir le Tairiscintí Bronntanas agus Fáilteachais agus Glacadh Leo
- Treoir maidir le Bronntanais agus Fáilteachas a Sholáthar
- Beartas Sceithireachta agus treoir ghaolmhar (Ábhar Imní a Chur in Iúl)
- Cód Iompair don Fhoireann

Bunaíodh nósanna imeachta gaolmhara chun cabhrú le calaois a chosc agus chun calaois iarbhír nó calaois ionchasach a bhainistiú, lena n-áirítear:

- Nósanna imeachta maidir le hÉilimh ar Aisíocaíocht Taistil agus Cothabhála
- Plean Freagartha Calaoise

Tá SEUPB tiomanta do chalaois a chosc agus cultúr frith-chalaoise a chur chun cinn. Feidhmíonn an eagraíocht meon neamhfhulaingthe i dtaobh na calaoise agus ceanglaíonn sé ar an bhfoireann, ar Chomhpháirtithe Cinn agus ar thairbhithe deiridh gníomhú go macánta agus go hionraic an t-am ar fad agus gach amhras réasúnach maidir le calaois a thuairisciú. Déanfaidh SEUPB imscrúdú ar gach cás iarbhír calaoise, gach iarracht ar chalaois agus gach cás calaoise amhrasta, agus féachfaidh sé le cistí agus sócmhainní a chaillfí trí bhíthin na calaoise a aisghabháil. Tá béim shoiléir á cur ag SEUPB ar chalaois a chosc agus tá tús curtha aige le sraith beart chun cultúr  frith-chalaoise a chur chun cinn sna Cláir. Is cuid de Chlár Oiliúna SEUPB a cuireadh ar an bhfoireann in 2019 í Feasacht faoi Chalaois. Bainfidh SEUPB úsáid as an uirlis mianadóireachta sonraí ARACHNE fosta mar chuid dá sraith beart frith-chalaoise.

Nuair is cuí, agus mar fhreagairt ar shaincheisteanna tromchúiseacha, déanfaidh SEUPB tairiscintí maoinithe a tharraingt siar agus eiseoidh orduithe gnóthúcháin chuig Comhpháirtithe Cinn. Cuirfear na húdaráis ábhartha ar an eolas de réir mar is gá. In 2019, rinne SEUPB imscrúdú ar chás calaoise amhrasta ar cuireadh tús leis nuair a rinne duine den phobal sceithireacht. Fuarthas fianaise a thug le tuiscint gur fhalsaigh an eagraíocht i gceist doiciméid ar fhianaise rian iniúchta le haghaidh comórtas fostaíochta agus soláthair. Cuireadh fianaise faoi bhráid an PSNI agus Bhord Iontaobhaithe na heagraíochta. Chinn an PSNI gan dul níos faide leis an gcás. Tá athbhreithniú cuimsitheach ar phróisis agus nósanna imeachta á dhéanamh ag an eagraíocht anois agus caithfidh sí freagra foirmiúil a thabhairt do SEUPB ina dtabharfar na gníomhartha atá beartaithe aici a dhéanamh chun an scéal a réiteach.

Riosca Faisnéise

Aithním an freagracht atá orm as láimhseáil chruinn agus shlán gach píosa faisnéise, agus as faisnéis a ghabháil agus a phróiseáil go cruinn, go háirithe nuair a d'fhéadfadh tríú páirtithe úsáid a bhaint aisti, nó go mbeadh codanna eile den rialtas ag brath uirthi. D'fhonn an fhreagracht sin a chomhlíonadh go héifeachtach, tugadh faoi na gníomhartha seo a leanas:

- Ceapadh Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha mar Oifigeach Riosca Faisnéise Sinsearach (SIRO). Tá dearbhú faighte ag an SIRO ó bhainisteoirí a chuir ceisteanna faisnéise ar a gcláir riosca, a thuairiscítear ar bhonn míosúil. Aistrítear freagrachtaí an SIRO chuig an POF le haghaidh tréimhse ar bith ina mbíonn folúntas sa phost Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha.
- Tá Oifigeach Faisnéise fostaithe chun cabhrú le cur chun feidhme leanúnach bheartais faisnéise SEUPB agus tá iniúchadh déanta ar chúrsaí faisnéis, ina ndearna an fhoireann ar fad measúnú ar chomhréimsí dea-chleachtais, rioscaí agus na feabhsúcháin atá de dhíth.

An 18 Iúil 2020, rinneadh ionsaí ar SEUPB ina bhfuarthas rochtain ar líonra SEUPB agus ar na comhaid shonraí chriptithe. Cuireadh isteach go forleathan ar threalamh agus ar sheirbhísí a bhí ag oibriú as oifig Bhéal Feirste mar thoradh air sin. Ní raibh aon éifeacht ar fhreastalaithe lascaistrithe, a bhí ag oibriú as láithreacha satailíte i Muineachán agus san Ómaigh. I gcomhréir le prótacail, thuairiscigh SEUPB an eachtra chuig an ICO agus chuig an gCoimisinéir um Próiseáil Sonraí, Action Fraud UK, PSNI Cyber Crime Team, agus chuig Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Chuathas i dteagmháil le hábhair shonraí

mar bheart réamhchúramach chun faireachas ar ghléasanna corparáideacha agus pearsanta, agus ar chuntais, a mhéadú. Seoladh comhfhreagras breise chuig na hábhair shonraí Dé hAoine an 24 Iúil 2020.

Rinne cuideachta seirbhísí ghairmiúil sheachtrach imscrúdú iomlán ar an eachtra agus ní bhfuarthas aon mhórghadaíocht sonraí (pearsanta nó eile). Anuas air sin, chuir soláthraí seirbhísí Idirlín SEUPB staitisticí ar fáil i bhfoirm ghrafach chun an t-ualach ar chomhéadan seachtrach an bhalla dóiteáin a thaispeáint, agus b'íseal an ghníomhaíocht ar an gcomhéadan Idirlín. Mar achoimre, tugtar le fios ó nádúr an víris agus ó na hagaí tionscanta gearra idir ceangal agus cur i gcrích, nach gadaíocht sonraí a spreag an t-ionsaitheoir. Chuir SEUPB cumraíocht balla dóiteáin nua i bhfeidhm, agus tháinig méadú mór ar shlándáil agus ar fheidhmiúlacht TF dá bharr. Is é an réiteach is fearr é ó thaobh slándáil líonra agus cibearshlándáil. Baineann sé leas as ceangail VPN a bhíonn 'casta air i gcónaí' do chianoibrithe le córais chúloifige SEUPB agus laghdaíonn sé an riosca go bhfaigheadh ionsaitheoirí ionchasacha rochtain ar líonra SEUPB trí bhíthin VPN lag nó seisiún RDP (Prótacal Ciandeisce).

<u>An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)</u>

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Rinne SEUPB réamhobair mhór le bheith in ann é a chomhlíonadh. Tugadh faoina thuilleadh oibre ina dhiaidh sin ó thaobh a bheith ag feidhmiú laistigh den Acht um Chosaint Sonraí 2018 ((Data Protection Act 2018 9NI/UK) agus (an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 (Éire)) agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS (AE) 2016/679) chun comhlíonadh leanúnach a chinntiú.

### Rialachas agus Cuntasacht

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur leis an riosca ar fad go dteipfí na haidhmeanna, cuspóirí agus beartais a bhaint amach. Ní féidir leis, mar sin, ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú absalóideach a thabhairt maidir le héifeachtacht. Faigheann an tOifigeach Cuntasaíochta agus ARAC dearbhuithe ó sholáthraithe neamhspleácha de réir mar is cuí.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar phróiseas leanúnach atá ceaptha na rioscaí maidir le baint amach rathúil bheartais, aidhmeanna agus cuspóirí SEUPB a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta. Déanann SEUPB meastóireacht ar an dóchúlacht go bhfíorófaí na rioscaí sin, ar an tionchar a bheadh ann dá bhfíorófaí iad, agus ar na gníomhartha atá de dhíth chun iad a bhainistiú go héifeachtúil, go héifeachtach agus go barainneach. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm in SEUPB don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 agus chomh fada le dáta ceadaithe na Tuarascála Bliantúla agus na gcuntas, agus tá sé i gcomhréir le treoir na Roinne Airgeadais.

An chuid is mó den bhliain 2019, d'fheidhmigh SEUPB laistigh de na téarmaí ina Mheamram Airgeadais (2006). Tháinig an Ráiteas Bainistíochta agus an Meamram Airgeadais nuashonraithe i bhfeidhm i mí na Samhna 2019 agus comhlíonann SEUPB go hiomlán na téarmaí arna leagan amach sa doiciméad sin.

Tá an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí comhdhéanta de ghnáth den Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, den Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, den Stiúrthóir Údarás Bainistíochta agus de Stiúrthóir na Comhrúnaíochta.

I measc gnéithe eile den struchtúr rialachais chorparáidigh tá:

- Struchtúr Eagrúcháin comhaontaithe le sainchuntais phoist do bhaill foirne ar gach leibhéal, agus próisis ghaolmhara, lena n-áirítear scéim measúnaithe do bhaill foirne, lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag baill foirne ar a ról agus ar a bhfreagrachtaí faoi seach;

- Plean Corparáideach don tréimhse 2017-2019;
- Plean Gnó bliantúil, ina leagtar amach, i measc nithe eile, fís, misean, aidhmeanna agus cuspóirí corparáideacha SEUPB, chomh maith le príomhghníomhaíochtaí agus spriocanna;
- Raon beartas, straitéisí agus nósanna imeachta, a threoraíonn obair na heagraíochta agus a ndéantar athbhreithniú rialta orthu;
- Creat um Bainistiú Riosca, lena gcorpraítear Straitéis um Bainistiú Riosca, le tacaíocht ón Oifigeach Cuntasaíochta agus ón gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca. Sainítear an próiseas um bainistiú riosca in SEUPB sa Straitéis;
- Seirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí, a thugann dearbhú don Oifigeach Cuntasaíochta agus do ARAC maidir le leordhóthanacha agus éifeachtacht na socruithe rialachais; agus
- Ráitis Dhearbhaithe, arna dtabhairt chun críche ar bhonn ráithiúil ag an Oifigeach Cuntasaíochta, bunaithe ar ráitis chomhchosúla ar mhaoirseacht ó na Stiúrthóirí, a fhaigheann dearbhú ó na bainisteoirí a dtuairiscíonn dóibh. Déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca imscrúdú ar Ráitis an Oifigigh Chuntasaíochta.

Clár Leasanna

Ní dhearna Comhalta ARAC ar bith, comhalta ar bith den phríomhfhoireann ná páirtithe gaolmhara ar bith eile idirbhearta ábhartha le SEUPB i rith na bliana. Coinnítear Clár Leasanna Comhaltaí agus Clár Leasanna an Phríomhfheidhmeannaigh agus Stiúrthóirí agus is féidir iad a scrúdú ar iarratas a dhéanamh chuig an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha. Féach Nóta 18 sna Cuntais, Idirbhearta na bPáirtithe Gaolmhara.



### Foinsí um Dhearbhú Neamhspleách

Iniúchóireacht Inmheánach

Tá Comhaontú Seirbhíse le hIniúchóir Inmheánach na Roinne Airgeadais ag SEUPB, duine a oibríonn chuig na caighdeáin arna sainmhíniú i gCaighdeáin Iniúchóireachta Inmheánaí na hEarnála Poiblí. Faightear tuarascálacha rialta, lena n-áirítear tuairim neamhspleách Cheann na hIniúchóireachta Inmheánaí ar leordhóthanacht agus ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh SEUPB, chomh maith le moltaí maidir le feabhsú. Baineadh amach leibhéal sásúil dearbhaithe mar thoradh ar na hiniúchtaí ar leithligh a rinneadh i rith 2019. I measc na réimsí a cuimsíodh sna hiniúchtaí inmheánacha bhí:

| Córas | Rátáil |
|---|---|
| Údarás Deimhniúcháin – Nósanna Imeachta chun Cuntais a leagan amach | Sásúil |
| Beartais Frith-chalaoise SEUPB | Sásúil |
| Riarachán Tionscadal & Seiceálacha ar an Láthair SEUPB | Sásúil |
| Roghanna Costas Simplithe SEUPB | Teoranta |
| Seirbhísí Corparáideacha SEUPB - Soláthar | Sásúil |
| Seirbhísí Corparáideacha CCSAE - Earcaíocht | Sásúil |

Tugadh rátáil mar dhearbhú teoranta do na Roghanna Costas Simplithe ar athbhreithniú Iniúchóireachta Inmheánaí a dhéanamh orthu, de bharr gur sainaithníodh roinnt saincheisteanna a bhain le comhlíonadh Airteagail 67 & 68 CPR agus na riachtanais a leagtar amach i 'Treoir maidir le Roghanna Costas Simplithe' de chuid an Choimisiúin, lena n-áirítear leordhóthanacht an doiciméadúcháin tacaíochta, fírinniú riachtanach agus fáil ar fhianaise dhoiciméadach infhíoraithe

maidir leis na rátaí arna n-úsáid. Fuair an tIniúchadh Inmheánach nár leor an doiciméadúchán foirmiúil, lena n-áirítear fianaise ar athbhreithniú agus ceadú, i ndáil leis na modheolaíochtaí SCO 'Costas Aonad' a tástáladh.

Rinne lucht an Iniúchta Inmheánaigh roinnt saincheisteanna suntasacha ina dtuarascáil a mheas siad go bhféadfaidís caiteachas ar bith arna éileamh faoi SCOnna 'Costas Aonaid' agus arna gcur in iúl don Choimisiún a chur i mbaol. Dá bharr sin, rinne SEUPB measúnú ar thionchar airgeadais na saincheisteanna sin agus chuir €2.1m 'faoi mheasúnú' sa ráiteas airgeadais bliantúil AE a cuireadh isteach i mí Feabhra 2020. Chomhaontaigh SEUPB plean fosta chun athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar gach modheolaíocht SCO Costas Aonaid agus iad a chomhaontú leis an Údarás Iniúchóireachta faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2020. Mheas an Coimisiún gur beart dearfach é sin.

Tá an chéad chéim den athbhreithniú tugtha chun críche ag CCSAE, d'fhonn doiciméadúchán agus rian iniúchta a chur ar bun le bheith mar bhonn taca do na Roghanna Costais Shimplithe (RCS) maidir le Costais Aonaid a úsáidtear i ngach ceann de na cuspóirí. Tá an dara céim, scrúdú agus anailís leis an Údarás Iniúchóireachta, faoi lán seoil. As na ceithre mhodheolaíocht atá faoi athbhreithniú, tá dhá cheann comhaontaithe, tá ceann amháin le hIniúchóireacht Inmheánach agus leis an gCoiste Iniúchóireachta chun tuilleadh breithnithe a dhéanamh orthu i bhfianaise chomhairle a fuarthas ó Interact, agus tá an RCS deiridh faoi réir ag breis anailíse ón Údarás Bainistíochta, rud a chuirfear faoi bhráid an Údaráis Iniúchóireachta. Ó thaobh an airgeadais de, coinníodh tuairim is €23.51 milliún d'éilimh INTERREG VA go dtí go réiteofar an t-athbhreithniú RCS go sásúil. Agus an chéad dá RCS tugtha chun críocha go dearfach, is féidir €11.97m den luach sin a chur san áireamh le hiarratas ar íocaíocht eatramhach chuig an gCoimisiún anois.

Anuas ar na hiniúchtaí thuasluaite, déanann lucht an Iniúchta Inmheánaigh roinnt athbhreithnithe gaolmhara. Sa bhliain 2019, áiríodh orthu sin athbhreithnithe ráithiúla ar phárolla (chun éileamh TA a fhíorú). Ní bhfuarthas fadhb ar bith i rith na n-athbhreithnithe sin.

Maidir leis an mbliain 2019, dúirt Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí ina Thuarascáil Bhliantúil, *'dá bharr sin, táim sásta i gcónaí go bhfuil córas leordhóthanach agus éifeachtach um bainistiú riosca, rialú agus rialachas curtha ar bun ag SEUPB agus faighim gur iomchuí ar an iomlán tuairim iniúchta* ***sásúil*** *a thabhairt.'*

<u>An tÚdarás Iniúchóireachta</u>

Faoi Airteagal 123(4) den CPR reatha 1303/2013, tá Údarás Iniúchóireachta ainmnithe ag na Ballstáit chun freagracht a ghlacadh as feidhmiú éifeachtach na gcóras bainistíochta rialaithe le haghaidh PEACE IV agus INTERREG VA a fhíorú. Tá foireann laistigh de NICS ainmnithe chun an ról sin a comhlíonadh, agus tá sí cuntasach go díreach chuig Coimisiún an Aontais Eorpaigh. Tá freagracht bhreise faoi leith ar an Údarás Iniúchóireachta as:

- Iniúchtaí ar oibríochtaí ar bhonn sampla iomchuí chun an caiteachas arna éileamh a fhíorú;
- Plean iniúchóireachta a chur faoi bhráid an Choimisiúin; agus
- Tuarascálacha Rialaithe Bliantúla agus Tuairimí Iniúchta a chur faoi bhráid Choimisiún an Aontais Eorpaigh.

Rinne an tÚdarás Iniúchóireachta iniúchadh ar oibríochtaí ar an dá chlár i rith na bliana. Chuir toradh na n-iniúchtaí ar chumas an Údaráis Iniúchóireachta tuairim gan choinníoll a thabhairt don bhliain 2018/2019 (Iúil 18 – Meitheamh 19).

<u>Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in Éirinn</u>

Níor sainaithníodh saincheisteanna suntasacha ar bith maidir le rialtacht, ná laigí inmheánacha ar bith i gcuntais na bliana roimhe seo ná sa Tuarascáil chuig na Daoine sin a bhfuil Dualgas Rialachais Orthu.

### An Ríocht Aontaithe a bheith ag Tarraingt Siar as an Aontas Eorpach

Le linn na tréimhse idirbheartaíochta ó chinn an Ríocht Aontaithe imeacht as an Aontas Eorpach, tá tacaíocht

mhór agus gealltanais faighte ag na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA ó gach comhpháirtí lena mbaineann, lena chinntiú gur féidir leo leanúint ar aghaidh go dtí go dtabharfar chun críche iad.

Dá bharr sin, rinneadh soláthar sa Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe go leanfaí leis na Cláir PEACE IV agus INTERREG VA sa chuid eile den chlárthréimhse reatha.

### An Clár PEACE PLUS

Leis an gClár nua PEACE PLUS, a chuimseoidh gníomhaíochtaí de chuid PEACE agus INTERREG, tógfar ar obair na gClár reatha PEACE agus INTERREG idir Tuaisceart Éireann agus contaetha teorann na hÉireann trí bhíthin rannchuidiú le cobhsaíocht shóisialta, eacnamaíochta agus réigiúnach na réigiúin i gceist; go háirithe trí bhíthin gníomhartha chun comhtháthú idir phobail a chothú.

Áireofar ar ábhar an chláir a fhorbairt, sraith seisiún faisnéise do pháirtithe leasmhara, a gcuirfear tús léi ag deireadh 2019 nó ag tús 2020. Mar ab ionann le cláir roimhe seo, déanfaidh SEUPB an próiseas a bhainistiú thar ceann Choimisiún an AE, na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann.

### Athbhreithniú ar éifeachtacht

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, táim freagrach as cuibheas agus rialtacht an airgeadais phoiblí a leithdháiltear ar SEUPB i gcomhréir leis na freagrachtaí a leagtar orm. Táim freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Tá obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus na mbainisteoirí in SEUPB, atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, mar lón eolais ag an athbhreithniú sin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Is cuid shuntasach den athbhreithniú fosta iad na tuairimí a thugann na hiniúchóirí seachtracha ina dtuarascáil chuig na daoine sin a bhfuil sin dualgas rialachais orthu agus i dtuarascálacha eile. Tá impleachtaí thorthaí m'athbhreithnithe curtha in iúl dom ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Dearbhú Riosca agus cinntím go bhfuil feabhsú leanúnach ar an gcóras ar bun.

### Bainistiú Airgeadais

Is é an tOifigeach Cuntasaíochta atá freagrach as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú. Tugann na córais rialaithe airgeadais inmheánaigh dearbhú réasúnach ach ní dearbhú absalóideach go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha, nó go mbraitear iad go tráthúil.

Tá rialú airgeadais inmheánach bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta, rialacháin airgeadais agus nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas, maoirsiú ar bhainistiú agus córas tarmligin agus cuntasachta.

Tá Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais curtha ar bun ag SEUPB lena dtugtar aghaidh ar réimsí riosca, chomh maith le héifeachtúlacht agus éifeachtacha oibriúcháin.

Tugtar eolas faoi na beartais sin do gach ball foirne ar a n-ionduchtú agus ag cruinnithe foirne rialta. Tugtar aghaidh ar aon riachtanais arna sainaithint trí bhíthin phlean oiliúna agus forbartha bliantúil SEUPB.

### Dibhéirseachtaí Rialachais Inmheánacha

<u>Saincheisteanna na Bliana Roimhe Seo</u>

Níor tuairiscíodh dibhéirseachtaí rialachais ar bith sa bhliain airgeadais 2018.

<u>Saincheisteanna na Bliana Reatha</u>

Níor tuairiscíodh dibhéirseachtaí rialachais ar bith sa bhliain airgeadais 2019.

### Conclúid

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, táim sásta go bhfuil córas rialachais inmheánaigh iomchuí i bhfeidhm in SEUPB.

**Gina McIntyre**
**Oifigeach Cuntasaíochta**
**26 Eanáir 2021**

# Tuairisc ar Luach Saothair

## Beartas maidir le Luach Saothair

### Ceapachán

Tá an Príomhfheidhmeannach ceaptha ag an Chomhairle Aireachta Thuaidh/ Theas (an CATT). Chun críocha oibríochtúla a bhaint amach, tuairiscíonn an PoF chuig an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn agus iad ina gcáil mar Ranna Urraithe ar son an CATT.

Déantar ceapacháin an stiúrthóra i gcomhréir le beartas earcaíochta de chuid CCSAE. Ceanglaíonn an beartas ceapacháin a dhéanamh ar thuillteanas agus ar raon earcaíochta cothrom agus oscailte.

### Luach Saothair

De ghnáth, cuirtear an PoF agus na stiúrthóirí ag bun an scála pá tar éis dóibh a cheapadh. Ina dhiaidh sin, titeann dul chun cinn an scála amach ar bhonn incriminteach gach uile bhliain go dtí go mbainfear barr an scála amach.  Tá dáta incriminteach (Mí Lúnasa i gcónaí) in úsáid don Phríomhfheidhmeannach agus do na stiúrthóirí araon i gcomhréir leis an dáta sochair airgid gach bliain.

### Pacáiste Sochair Airgid

Tá post an Phríomhfheidhmeannaigh agus poist na stiúrthóirí bunaithe ar chonradh 37 uair in aghaidh na seachtaine ar a laghad. Bíonn siad i dteideal 25 lá saoire (30 lá tar éis níos mó ná 5 bliana a bheith curtha isteach acu) agus dhá lá saoire poiblí agus reachtúla dhéag chomh maith. Tá rochtain ag an PoF agus ag na stiúrthóirí ar an scéim Pinsin Thuaidh / Theas (alfa). Cuireann an scéim alfa sochair sainithe bunaithe ar mheántuilleamh gairmréime ar fáil.

### Teidlíochtaí Tuarastal agus Teidlíochtaí Pinsean

Is féidir sonraí ar luach saothair agus leasanna pinsin do bhainistíocht shinsearach sa Chomhlacht a fháil sa chéad chuid eile thíos.

### Luach Saothair (tuarastail san áireamh) agus teidlíochtaí pinsean na Foirne Bainistíochta Sinsearaí

| | 2019 | | | | | 2018 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh | Tuarastal £ | Íocaíochtaí Breise £ | Sochair Chomhchineáil £ | Sochair Phinsin* £ | **Iomlán £** | Tuarastal £ | Íocaíochtaí Breise £ | Sochair Chomhchineáil £ | Sochair Phinsin* £ | **Iomlán £** |
| Ms Gina McIntyre Príomhfheidhmeannach | 74,455 | - | - | 41,000 | **115,455** | 71,107 | - | - | 40,000 | **111,107** |
| Mr Paul Sheridan Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha | 54,275 | - | - | 26,000 | **80,275** | 52,391 | - | - | 24,000 | **76,391** |
| Mr Mark Feeney Stiúrthóir na nÚdarás Bainistíochta (go dtí 31/12/2019) | 55,156 | - | - | 24,000 | **79,156** | 50,576 | - | - | 24,000 | **74,576** |
| Ms Leanne Massey Stiúrthóir na Comhrúnaíochta (ó 06/08/2018) | 52,606 | - | - | 24,000 | **76,606** | 20,847 (Is ionann 51,700 agus bliain iomlán) | - | - | 10,000 | **30,847** |
| Mr John Greer Iarstiúrthóir na Comhrúnaíochta (go 13/03/2018) | - | - | - | - | **-** | 10,730 (Is ionann 47,749 agus bliain iomlán) | - | - | 2,000 | **12,730** |
| Tuarastal Foirne is Airde | 74,455 | | | | | 71,107 | | | | |
| Meántuilleamh ar Luach Saothair | 32,322 | | | | | 31,760 | | | | |
| Coibhéis | 2.3 | | | | | 2.23 | | | | |



* Chun luach na sochar pinsean fabhraithe ar feadh na bliana a ríomh, cuirtear seo i bhfeidhm: (méadú beacht i bpinsean iolraithe faoi 20) móide (méadú beacht i gcnapshuim ar bith) lúide (na ranníocaíochtaí arna dhéanamh ag an duine atá i gceist). Ní chuirtear na méaduithe mar gheall ar bhoilsciú ná na méaduithe nó na laghduithe a bhaineann le haistriú dliteanas pinsin san áireamh chun méaduithe beachta a fháil.

### Tuarastal

Folaítear olltuarastal sa 'tuarastal' agus tá sé faoi réir ag cánacha na Ríochta Aontaithe agus cánachas na hÉireann.

### Sochair Chomhchineáil

Cuimsíonn luach airgeadais sochair chomhchineáil gach sochar a chuireann an fostóir ar fáil agus a chaitheann an tSeirbhís Chánach agus Chustaim na Ríochta Aontaithe, agus Coimisinéirí Ioncaim na hÉireann leo mar luach saothair inchánach.

### Bónais

Ní chuireann SEUPB beartas bónais i bhfeidhm. Níor íocadh bónas ar bith in 2018 ná in 2019.

## *Tuairisc ar Luach Saothair (ar lean)*

### Teidlíochtaí Pinsean

| | Pinsean Fabhraithe Faoi Aois an Phinsin (mar atá ar 31/12/19) | Cnapshuim Fabhraithe Faoi Aois an Phinsin (mar atá ar 31/12/19) | Méadú Beacht i bPinsean Faoi Aois an Phinsin | Méadú Beacht i gCnapshuim Faoi Aois an Phinsin | LACA ar an 31/12/2019 | LACA ar an 31/12/2018 | Méadú Beacht Sa LACA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | £ | £ | £ | £ | £ | £ | £ |
| Ms Gina McIntyre Príomhfheidhmeannach | 22,000 | 43,000 | 2,000 | 1,000 | 395,000 | 355,000 | 40,000 |
| Mr Paul Sheridan Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha | 3,800 | - | 1,300 | - | 42,000 | 27,000 | 15,000 |
| Mr Mark Feeney Stiúrthóir na nÚdarás Bainistíochta | 2,400 | - | 1,200 | - | 24,000 | 12,000 | 12,000 |
| Ms Leanne Massey Stiúrthóir na Comhrúnaíochta (ó 06/08/2018) | 1,700 | - | 1,200 | - | 18,000 | 5,000 | 13,000 |

* Ní ghabhann cnapshuim pinsin uathoibríoch leis an scéim pinsin athmheasta (meánthuilleamh gairmréime) níos mó. Tá cnapshuim fós i bhfeidhm maidir le seirbhís faoin scéim roimhe seo.

### Socruithe Pinsean

Cuireann CCSAE scéim pinsin sochair shainithe i bhfeidhm atá maoinithe gach bliain ar bhonn 'íoc-mar-a-úsáidtear' le hairgead atá ar fáil dó mar aon le cibé airgead a thagann ón Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn. Tá eolas breise ón scéim pinsin ar fáil faoi nóta 12.

### Luachanna Aistrithe i gCoibhéis Airgid

Is ionann Luach Aistrithe i gCoibhéis Airgid (LACA) agus luach caipitilithe, arna mheas go hachtúireach, shochair scéime pinsin atá fabhraithe ag duine éigin ag aon phointe ama áirithe amháin.

Is iad na sochair a luacháiltear ná sochair fabhraithe an duine agus pinsean teagmhasach chéile ar bith atá iníoctha ón scéim. Is íocaíocht é an LACA arna déanamh i scéim phinsin, nó socrú maidir le sochair phinsin ó scéim pinsin eile a fháil, nó socrú a dhéanamh le duine atá i ndiaidh seanscéim pinsin a fhágáil agus ag iarraidh na saothair fabhraithe sin a aistriú. Léirítear sna figiúirí pinsean na sochair atá fabhraithe ag an duine mar thoradh ar a mballraíocht sa scéim pinsin, ní a seirbhís í gcáil shinsearach nach mór a nochtadh, agus sin amháin. Folaítear luach sochar pinsin ar bith ó scéim nó socrú ar bith eile atá aistrithe chuig socruithe pinsin Thuaidh/Theas i bhfigiúirí LACA.

Clúdaítear sochair phinsin ar bith eile atá fabhraithe ag an duine de dheasca iad ag íoc as blianta sa bhreis i scéim pinsin s'acu ar a gcostas féin. Ríomhtar na LACA i gcomhréir le Rialacháin na Pinsin Cheirde (Luachanna Aistrithe) (Leasú), 2008 agus ní chuirtear san áireamh sochair beachta nó féideartha ó Liúntas Cánach Saolré a d'fhéadfadh a bheith le híoc an tráth a dtógtar na sochair phinsin.

### Méadú Beacht ar LACA

Léiríonn sé seo méadú ar LACA atá maoinithe go héifeachtach ag an bhfostóir. Ní chlúdaíonn sé seo aon phinsean fabhraithe mar gheall ar bhoilsciú, ná aon síntiús arna dhéanamh ag an bhfostóir (aon luach na sochar pinsean aistrithe ó scéim pinsin nó socrú pinsin eile ina measc) agus bíonn fachtóirí luachála an chómhargaidh in úsáid ag tús agus ag deireadh na tréimhse.

### Cúiteamh i leith chailliúint oifige

Níor íocadh méid ar bith i mbliana maidir le cúiteamh i leith chailliúint oifige.

### Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ar Luach Saothair

| | **2019£** | **2018£** |
|---|---|---|
| Gerry Finn (Cathaoirleach ó Mheitheamh 2018) | 6,045 | 4,078 |
| Brendan Mullan (Iar-Chathaoirleach go Meitheamh 2018) | 0 | 4,874 |
| Brona Slevin (Comhalta Neamhspleách ó Mheitheamh 2018) | 1,581 | 789 |
| Joe Campbell (Iar-Chomhalta Neamhspleách go Márta 2018) | 0 | 639 |
| Derek Staveley (nach maireann) (Comhalta Neamhspleách) | 0 | 1,300 |

Clúdaítear an míleáiste íoctha do chomhaltaí an Choise um Iniúchóireacht sna figiúirí ar Luach Saothair thuas.

### Bandaí Tuarastal na bhFostaithe

Líon na bhfostaithe ina raibh Luach Saothair s'acu (thar thréimhse 12 mhí dar chríoch an 31 Nollaig 2019) bainte amach agus na bandaí tuarastal a ghabhann leo.

| Bandaí Tuarastal (£) | **2019 (Líon na mball foirne i bPost - SIP)** | **2018 (Líon na mball foirne i bPost - SIP)** |
|---|---|---|
| Níos lú ná 40,000 | 52 | 51 |
| 40,000 - 49,999 | 9 | 6 |
| 50,000 - 59,999 | 4 | 4 |
| 60,000 - 69,999 | 1 | 0 |
| 70,000 - 79,999 | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **67** | **62** |

# Comhlacht na gClár Speisialta AE
# DEIMHNIÚ NA nARD-REACHTAIRÍ CUNTAS AGUS CISTE CHUIG TIONÓL THUAISCEART ÉIREANN AGUS CHUID TITHE AN OIREACHTAIS

### Tuairim faoi na cuntais

Deimhnímid go bhfuil iniúchadh déanta againn ar chuntais Chomhlacht na gClár Speisialta AE (an Comhlacht) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus de bhun an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 lena gceanglaítear orainn na cuntais a chuireann an Foras faoinár mbráid a iniúchadh agus a dheimhniú ar bhonn comhoibríoch. Cuimsítear leis na cuntais:

- an ráiteas ioncam;
- an ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach;
- an ráiteas maidir le staid airgeadais;
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid;
- an ráiteas ar na hathruithe maidir le cothromas; agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear beartais shuntasacha cuntasaíochta.

Ullmhaíodh na cuntais seo de réir na mbeartas cuntasaíochta arna leagan amach iontu.

Is é ár dtuairim:

- go dtugann na cuntais léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí an Chomhlachta amhail an 31 Nollaig 2019 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar chríoch ansin; agus
- gur ullmhaíodh iad go cuí i gcomhréir leis an Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102) agus de réir na treorach cuntas san aguisín leis na cuntais.

### Tuairim ar rialtacht

Is é ár dtuairim gur cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam a bhfuil taifead orthu sna cuntais i bhfeidhm maidir le gach gné ábhartha de réir na gcuspóirí a bhí ceaptha ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag Tithe an Oireachtais, agus go gcloíonn na hidirbhearta airgeadais a tuairiscíodh sna cuntais ag teacht leis na húdaráis a rialaíonn iad.

### Bunús leis na tuairimí

Rinneamar ár n-iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna). Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid den deimhniú seo faoi fhreagrachtaí na n-iniúchóirí. Táimid neamhspleách ón gComhlacht i gcomhréir le riachtanais eiticiúla Chaighdeán Athbhreithnithe Eitice 2016 agus de réir an Chóid Eitice arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta agus tá comhlíonta againn na freagrachtaí eile atá orainn ó thaobh eitice de réir na riachtanas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar le bonn a chur faoinár dtuairim.

### Faisnéis seachas na cuntais

Tá curtha ar fáil ag an gComhlacht faisnéis áirithe eile i dteannta na ráiteas airgeadais. Tá i gceist leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an Réamhrá leis na cuntais san áireamh, an Ráiteas Rialachais / Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus an Tuarascáil ar Luach Saothair. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na cuntais an fhaisnéis eile agus ní nochtaimid aon chineál tátail ráthaíochta maidir léi.

I dtaca lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, á dhéanamh sin dúinn, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas san iniúchadh, nó an cosúil gur míshonraíodh go hábhartha ar shlí eile í. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míshonrú ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orainn é sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith sin.

### Cúrsaí a ndéanaimid tuairisc orthu ar bhonn eisceachtaí

Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas, ar nithe iad a ndéanaimid tuairisciú orthu más amhlaidh, inár dtuairimse:

- nach bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad atá de dhíth orainn dár n-iniúchadh; nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun go bhféadfaí na cuntais a iniúchadh go réidh agus go cuí; nó
- nach bhfuil na cuntais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta; nó
- nach bhfuil an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach/ Rialachas ag teacht leis an treoir is infheidhme ar rialachas corparáideach.



### Freagrachtaí an Chomhlachta agus an Oifigigh Cuntasaíochta as na cuntais

Mar atá mínithe ar bhonn níos iomláine sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí, tá an Comhlacht freagrach as na cuntais a ullmhú ar an mbonn atá leagtha amach sa treoir chuntas atá san aguisín leis na cuntais seo. Ina cáil mar Oifigeach Cuntasaíochta, is í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin atá freagrach as cuibheas agus rialtacht a áirithiú maidir le húsáid cistí poiblí.

### Freagrachtaí na nIniúchóirí

Is é an fhreagracht atá orainne na cuntais a iniúchadh agus a dheimhniú de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 agus tuairisciú a dhéanamh fúthu do Thionól Thuaisceart Éireann agus Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá againn agus an t-iniúchadh á chur i gcrích againn ná ráthaíocht réasúnta a fháil cibé an bhfuil na cuntais ar an iomlán gan aon mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní deimhniú é go mbraithfidh iniúchadh, arna chur i bhfeidhm de réir ISA míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Féadann míráitis ábhartha teacht ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más amhlaidh go bhféadfaí go réasúnach bheith ag súil go rachaidís, ina n-aonar nó go comhiomlán, i gcion ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na gcuntas seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, déanaimid

breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus cothaímid sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus an méid

sin á dhéanamh againn

- Déanaimid an priacal go ndéanfaí míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé de bharr calaoise nó earráide, a aithint agus a mheasúnú; leagaimid síos agus cuirimid i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchóireachta a oireann don phriacal sin; agus faighimid fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a chur faoinár dtuairim. Is mó an priacal nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná míráiteas de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Tagaimid ar thuiscint ar an rialú inmheánach is ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a leagan síos atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaimid meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnta atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.
- Cinnimid faoina oiriúnaí is atá sé leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, ar bhonn na fianaise iniúchta a fuaireamar, cibé acu an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Chomhlachta leanúint ar aghaidh ina ghnóthas leantach. Má chinnimid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, ní mór dúinn aird a dhíriú sa tuarascáil uainn ar an nochtadh gaolmhar sna cuntais, nó, más neamhleor an nochtadh sin, ár dtuairim a athrú. Bíonn na conclúidí uainn bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuaireamar go dtí dáta na tuairisce uainn. D'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh, áfach, go mbeadh teagmhais nó dálaí ann amach anseo a chuirfeadh faoi deara nach leanfadh an Comhlacht ar aghaidh ina ghnóthas leantach.
- Déanaimid meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na cuntais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé acu an bhfuil curtha i láthair go cothrom sna cuntais na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha.

Déanaimid teagmháil leis na daoine a bhfuil cúrsaí rialachais faoina gcúram maidir le, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe an iniúchta, an uair atá sé beartaithe é a dhéanamh, agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithnímid agus an t-iniúchadh á dhéanamh againn.

Ina theannta sin, ceanglaítear orainn fianaise a fháil gur leor í chun ráthaíocht réasúnta a thabhairt gur cuireadh i bhfeidhm an caiteachas agus an t-ioncam arna dtaifeadadh sna cuntais airgeadais chun na críocha a bheartaigh an Tionól agus Tithe an Oireachtais agus go bhfuil na hidirbhearta airgeadais arna dtaifeadadh sna cuntais de réir na n-údarás a rialaíonn iad..

Kieran J Donnelly

*Kieran Donnelly*
*An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste*
*Tuaisceart Éireann*
*Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann*
*Sráid na hOllscoile*
*Béal Feirste*
*BT7 1EU*

*1 Feabhra 2021*

Seamus McCarthy.

*Seamus McCarthy*
*An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Éire*
*3A Sráid an Mhéara Uachtarach*
*Baile Átha Cliath 1*
*Éire*
*DO1 PF72*

*3 Feabhra 2021*

# RÁITEAS IONCAIM
## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

| IONCAM | Nótaí | 2019 | 2018 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | £'000 | £'000 |
| Deontas ó Ranna Urraithe (Riarachán) | 2 | **2,069** | 2,104 | **1,814** | 1,862 |
| Ioncam Oibríochta Eile | 4 | **2** | 0 | **2** | 0 |
| Eisiúint an Deontais Chaipitiúil | 3 | **83** | 137 | **74** | 121 |
| Glanmhaoiniú Inchurtha le haghaidh Pinsin | 12(b) | **1,424** | 1,166 | **1,248** | 1,032 |
| ***AONAD na nÍOCAÍOCHTAÍ LÁRNACHA*** | | | | | |
| Deontas ó Ranna Cuntasacha (Cláir) | 3 | **16,533** | 8,718 | **14,490** | 7,715 |
| ***COIMISIÚN an AONTAIS EORPAIGH*** | | | | | |
| Éilimh Infhála ón AE | 3 | **93,690** | 49,405 | **82,112** | 43,721 |
| **IONCAM IOMLÁN** | | **113,801** | 61,530 | **99,740** | 54,451 |
| **CAITEACHAS** | | | | | |
| Dímheas | 8 | **(78)** | (137) | **(68)** | (121) |
| Costais Foirne | 5 | **(2,898)** | (2,657) | **(2,540)** | (2,352) |
| Costais Oibríochta Eile | 7 | **(600)** | (613) | **(528)** | (542) |
| Íocaíochtaí Ús chuig na Ranna Airgeadais | 3 | **(2)** | 0 | **(2)** | 0 |
| *AONAD na nÍOCAÍOCHTAÍ LÁRNACHA* | | | | | |
| Íocaíochtaí le Tionscadail | 3 | **(110,223)** | (58,123) | **(96,602)** | (51,436) |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | | **(113,801)** | (61,530) | **(99,740)** | (54,451) |
| **Barrachas don bhliain aistrithe go Cúltaisce Ioncaim na gCuntas** | | **-** | - | **-** | - |

**Barrachas don bhliain aistrithe**

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 57 go 78 agus an t-aguisín ar leathanach 79.

# RÁITEAS ar IONCAM CUIMSITHEACH
# don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019 | 2018 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **€'000** | €'000 | **£'000** | £'000 |
| **Barrachas na Bliana** | | **-** | - | **-** | - |
| Gnóthachain ar na dliteanais pinsean sa scéim, ina bhfolaítear éifeacht an ráta malairte | 12(a) | **281** | 167 | **246** | 147 |
| Athruithe sna Toimhdí a bhaineann le bunluachanna na dliteanais pinsean mar atá | 12(a) | **(2,401)** | 913 | **(2,104)** | 809 |
| **Gnóthachain / (caillteanais) achtúireacha** | 12(a) | **(2,120)** | 1,080 | **(1,858)** | 956 |
| **Coigeartú roimh mhaoiniú pinsin inchurtha** | | **2,120** | (1,080) | **1,858** | (956) |
| | | **-** | - | **-** | - |
| Gnóthachain/ (caillteanais) ó thaobh an ráta malairte airgeadra de | | **-** | - | **-** | - |
| **Gnóthachain/ (caillteanais) aitheanta na bliana iomláine** | | **-** | - | **-** | - |

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 57 go 78 agus an t-aguisín ar leathanach 79.

# RÁITEAS ar STAID AIRGEADAIS
## mar atá ar 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019 | 2018 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | **€'000** | €'000 | **£'000** | £'000 |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 8(a) | **183** | 133 | **156** | 120 |
| Sócmhainní Doláimhsithe | 8(b) | **70** | 98 | **59** | 87 |
| **Sócmhainní Seasta san Iomlán** | | **253** | 231 | **215** | 207 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Méideanna féichiúnaithe le bheith dlite laistigh de bhliain amháin | 9(a) | **51,435** | 37,904 | **43,701** | 33,993 |
| Airgead agus Coibhéis Airgid | 10 | **77,352** | 39,192 | **65,719** | 35,150 |
| **Sócmhainní Reatha san Iomlán** | | **128,787** | 77,096 | **109,420** | 69,143 |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Méideanna creidiúnaithe le bheith dlite laistigh de bhliain amháin | 11(a) | **(125,601)** | (77,090) | **(106,713)** | (69,138) |
| **Glansócmhainní/ (Glandliteanais) Reatha** | | **3,186** | 6 | **2,707** | 5 |
| Féichiúnaithe - Méideanna le bheith dlite níos mó ná bliain amháin | 9(b) | **3,981** | 2,395 | **3,382** | 2,148 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha, sula gcuirtear na Dliteanais Neamhreatha leis** | | **7,420** | 2,632 | **6,304** | 2,360 |
| Creidiúnaithe - méideanna le bheith dlite níos mó ná bliain amháin | 11(b) | **(7,167)** | (2,395) | **(6,089)** | (2,148) |
| **Sochair Scoir** | | | | | |
| Cistiú Pinsin Iarchurtha | 12(a) | **18,115** | 13,698 | **15,391** | 12,285 |
| Dliteanais Phinsin | 12(a) | **(18,115)** | (13,698) | **(15,391)** | (12,285) |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **253** | 237 | **215** | 212 |
| **I dtaca le:** | | | | | |
| **Caipiteal agus Cúlchiste** | | | | | |
| Cúlchiste Ioncaim an Chuntais | | **-** | - | **-** | - |
| Cúlchiste an Deontais Chaipitiúil | | **253** | 237 | **215** | 212 |
| | | **253** | 237 | **215** | 212 |

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach na cuntais seo ar 30 Samhain 2020.

**Gina McIntyre**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 57 go 78 agus an t-aguisín ar leathanach 79

## RÁITEAS ar na hATHRUITHE maidir le COTHROMAS mar atá ar an 31 Nollaig 2019

**Cúlchiste Ioncaim an Chuntais**

| | **2019** | 2018 | **2019** | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 | **£'000** | £'000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | **-** | - | **-** | - |
| (Easnamh)/ Barrachas na bliana | **-** | - | **-** | - |
| Gnóthachan/ (Caillteanas) Achtúireach | **(2,120)** | 1,080 | **(1,858)** | 956 |
| Cistiú an Phinsin Iarchurtha | **2,120** | (1,080) | **1,858** | (956) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) malairte | **-** | - | **-** | - |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | **-** | - | **-** | - |

**Cúlchiste an Deontais Chaipitiúil**

| | **2019** | 2018 | **2019** | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 | **£'000** | £'000 |
| Ar an 1 Eanáir | **237** | 329 | **212** | 292 |
| Cistiú caipitil infhála le linn na tréimhse | **47** | 42 | **41** | 37 |
| Maoiniú infhaighte trí chúnamh teicniúil | **52** | 27 | **46** | 24 |
| Brabús/Caillteanas ar shócmhainní seasta a dhiúscairt | **-** | - | **-** | - |
| Lúide méid scaoilte chuig cuntas ioncaim agus caiteachais | **(83)** | (137) | **(74)** | (122) |
| Difear ar aistriú mhalairte eachtraí | **-** | (24) | **(10)** | (19) |
| **Ar an 31 Nollaig** | **253** | 237 | **215** | 212 |
| Cothromas Iomlán faoi Dheireadh na Bliana | **253** | 237 | **215** | 212 |

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 57 go 78 agus an t-aguisín ar leathanach 79.

# RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID
# DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

| | Nótaí | 2019 | 2018 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **€'000** | €'000 | **£'000** | £'000 |
| **Glanairgead arna ghiniúint ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta** | 13.1 | **35,981** | (5,277) | **28,717** | (4,211) |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil | | **(99)** | (70) | **(87)** | (62) |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | | | | |
| Cistiú Caipitil Infhála | | **99** | 70 | **87** | 62 |
| **Glanmhéadú/(glanlaghdú) maidir le hairgead agus coibhéis airgid** | | **35,981** | (5,277) | **28,717** | (4,211) |
| **Airgead agus coibhéis airgid faoi thús na bliana** | 13.2 | **41,371** | 44,469 | **37,002** | 39,361 |
| **Airgead agus coibhéis airgid faoi dheireadh na bliana** | | **77,352** | 39,192 | **65,719** | 35,150 |

Is cuid de na cuntais seo iad na nótaí ar leathanaigh 57 go 78 agus an t-aguisín ar leathanach 79.

# Nótaí a bhaineann leis na cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

### 1.1. Coinbhinsiún Cuntasaíochta

I gcomhréir le treoir maidir le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas, arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i Mí an Mheithimh 2017, na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir coinbhinsiún an chostais stairiúil.

### 1.2. Ioncam agus Caiteachas

Folaíonn ioncam deontais airgid infhála ón Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn. Cuirtear deontais ioncaim leis an Ráiteas Ioncaim, a oiread agus a mbeidh caiteachas comhlach clúdaithe (rud atá aitheanta ar bhonn fabhraithe). Aithnítear deontas barrachais mar ioncam iarchurtha ar Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Baineann caiteachas le gníomhaíochtaí oibríochta de chuid SEUPB agus cuirtear san áireamh é ar bhonn fabhraithe.

### 1.3. Sócmhainní Seasta

Luacháiltear sócmhainní seasta ar a gcostais féin maidir le SEUPB, agus tá luach caipitlithe i gceist le gach sócmhainn aonarach a bhfuil luach de £500, nó níos mó, orthu. Folaítear bogearraí ceannaithe i sócmhainní doláimhsithe.

Déantar sócmhainní seasta a dhímheas ón mí tar éis an dáta a bhfuarthas iad, ar rátaí arna ríomh chun cibé costas ná meastachán atá bainte leis a dhíscríobh, lúide luach iarmharach measta, do gach sócmhainn go cothrom thar shaolré ionchais s'acu, nó a dtréimhse léasa, cibé acu atá níos giorra:

| | |
|---|---|
| Daingneáin agus Feistis | 7 mbliana |
| Trealamh Ríomhaire | 5 bliana |
| Trealamh Oifige | 7 mbliana |
| Sócmhainní Léasa | Téarma an léasa nó saolré eacnamaíochta fónta na sócmhainne, pé acu is giorra |
| Sócmhainní Doláimhsithe | 5 bliana |

Níl na sócmhainní oibríochta in úsáid ag SEUPB leordhóthanach le go mbeadh athluacháil bhliantúil i gceist.

### 1.4. Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe

Luaitear féichiúnaithe tar éis aon drochfhiach ná fiach amhrasach (más infheidhme). Baineann na creidiúnaithe le gníomhaíochtaí oibríochta SEUPB agus bíonn siad san áireamh ar bhonn fabhraithe.

### 1.5. Costais Phinsin

Cuireann SEUPB scéim phinsin sochair sainithe i bhfeidhm atá maoinithe go bliantúil ar bhonn 'íoc-mar-a-úsáidtear' le hairgead infhála istigh ann, agus suíonn cibé airgead ón Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn ina measc.

Cuirtear leis an maoiniú trí asbhaintí ó thuarastail foirne agus aisíocann CCSAE na méideanna ar ais chuig an Roinn Airgeadais agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá na hasbhaintí seo curtha le costais foirne (mar a fheictear i nóta 5).

Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin ar bhonn fabhraithe ag úsáid modh na n-aonad réamh-mheasta.

Is ionann costais phinsin agus sochair phinsin arna thuilleamh ag fostaithe sa tréimhse sin. Aithnítear méid comhfhreagartha mar ioncam a fhad is go mbeidh sé in-aisghabhála agus frithháirithe ó cibé deontas a fuarthas le linn na bliana chun íocaíochtaí pinsean a urscaoileadh.

Aithnítear gnóthachan nó caillteanas achtúireachta mar gheall ar athruithe i dtoimhdí achtúireacha agus mar gheall ar bharrachas agus easnamh sa Ráiteas maidir le hAthruithe Cothromas na bliana agus aithnítear an coigeartú comhfhreagrach leis an méid atá in-aisghabhála ón Roinn Airgeadais/ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Seasann dliteanas pinsin do luach reatha na n-íocaíochtaí pinsean sa todhchaí atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Seasann maoiniú pinsin iarchurtha don tsócmhainn chomhfhreagrach le bheith aisghafa ón Roinn Airgeadais/ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtréimhsí sa todhchaí.

**1.6. Cáin Bhreisluacha (CBL)**

Níl SEUPB in ann CBL a éileamh ar ais. Mar sin de, clúdaítear CBL mar chaiteachas agus, nuair is cuí, caipitlítear í i luach na sócmhainní seasta.

**1.7. Léasanna**

Caipitlítear sócmhainní arna sealbhú faoi léasanna airgeadais agus conarthaí fruillcheannaithe ag an luach cothrom ag tús an léasa agus déantar iad a dhímheas thar an tréimhse is giorra idir an léas agus saolré eacnamaíoch fónta na sócmhainní. Leithdháiltear na muirir airgeadais thar thréimhse an léasa agus muirearaítear iad chuig an Ráiteas Ioncaim. Muirearaítear cíosanna chuig an Ráiteas Ioncaim thar thréimhse an léasa.

**1.8. Airgeadraí**

Tuairiscítear idirbhearta agus iarmhéideanna SEUPB in Euro agus i Steirling. Is é Steirling a fheidhmíonn mar airgeadra oibre an Chomhlachta agus de ghnáth tuairiscítear idirbhearta san airgeadra sin. Tuairiscítear idirbhearta airgeadraí eile le ráta malairte an airgeadra faoi dháta na n-idirbheart. Cuirtear Ráiteas Ioncaim an Ioncaim Chuimsithigh (RIIC) ar fáil sa dá airgeadra agus is ionann gach ceann acu agus comhiomlánú idirbhearta na bliana i ngach ceann ar leith aistrithe leis na meánrátaí malairte a bhaineann leo le linn na bliana.

Aistrítear Ráiteas Ioncaim an Ioncaim Chuimsithigh (RIIC) agus na sócmhainní / dliteanais a bhaineann leo le ráta malairte deireanach na bliana faoin am sin.

Seo na rátaí malairte a bhí in úsáid le linn 2019 agus 2018:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Meánráta | £1 = €1.141 | £1 = €1.130 |
| Ráta deiridh na bliana | £1 = €1.177 | £1 = €1.115 |

Seans go mbeidh athraitheas áibhéalta nó laghdaithe ann maidir le figiúirí na bliana reatha agus comparadóirí sa dara hairgeadra mar gheall ar thionchar na n-athruithe sna rátaí malairte.

### 1.9. Aonad na nÍocaíochtaí Lárnacha

Cuireann CCSAE Aonad na nÍocaíochtaí Lárnacha i bhfeidhm, aonad a bunaíodh le híocaíochtaí a dhéanamh ar thionscadail mhaoinithe faoi réir ag cláir ábhartha thar ceann Ranna Cuntasacha na Rialtais i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn. Feidhmíonn Comhaontuithe Seirbhíse idir CCSAE agus gach Roinn Chuntasach, ina leagtar freagrachtaí an dá pháirtí amach, agus ina sonraítear go soiléir nach bhféadfaidh CCSAE cistí a úsáid de réir mar is rogha leo, ach gur féidir leis iad a úsáid chun tionscadail faoin Roinn Chuntasach, Clár ná Ábhar cuí a íoc.

Tarraingítear cistí ó na Ranna agus cuirtear iad i dtaiscí áirithe. Déantar íocaíochtaí chuig tionscadail ar bhonn dearbhán leictreonach cuícheadaithe.

Maidir leis na cláir INTERREG agus PEACE, taispeántar íocaíochtaí le tionscadail (arna gcoigeartú le haghaidh méideanna fabhraithe agus airleacain neamhthuillte) mar chaiteachas sa Ráiteas Ioncaim. Scartar ioncam na n-íocaíochtaí seo idir 'Éilimh Infhála' de chuid Coimisiún an AE agus cistiú meaitseála de chuid na Ranna Cuntasacha. Taispeántar cibé barrachas/easnamh maidir le cistiú infhála ó na Ranna mar ioncam fabhraithe / iarchurtha taobh istigh d'fhéichiúnaithe agus creidiúnaithe.

Úsáideann SEUPB an fheidhm seo agus iad i mbun róil na nÚdarás Deimhniúcháin do na cláir PEACE agus INTERREG.

Déanann SEUPB cibé íocaíocht a dhéantar le tairbhí a mheas neamh-incháilithe ina dhiaidh sin a aisghabháil trí fhritháireamh a dhéanamh in éadan éilimh an chomhpháirtí cinn, nó trí aisíocaíocht dhíreach ón tionscadal. I gcás nach féidir aisghabháil a dhéanamh ar an dóigh sin, rachaidh SEUPB i dteagmháil leis na Ranna Cuntasacha chun treoir maidir le próiseas aisghabhála a fháil. Nuair nach féidir aisghabháil a dhéanamh, téann an fhreagracht ar ais chuig na Ballstáit.

### 1.10. Cúlchiste Deontais Caipitil

Cuirtear deontais chun críocha caipitiúla chuig cúlchiste deontais caipitil agus scaoiltear iad chuig an ráiteas ioncaim thar thréimhse shaolré na sócmhainní.

### 1.11. Gealltanais

Is ionann gealltanais agus oibleagáidí faoi chonradh sna blianta amach anseo maidir le conarthaí atá ag feidhmiú faoi dheireadh na bliana. Clúdaítear méideanna fabhraithe agus soláthair atá ar fáil sna gníomhaíochtaí tionscadal i ndliteanas na bliana, má mheastar gur iomchuí sin.

## 2. DEONTAIS Ó NA RANNA

| | Roinn Airgeadais €'000 | Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe €'000 | IOMLÁN 2019 €'000 | IOMLÁN 2018 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Deontas Infhála:** | | | | |
| Cúrsaí Riaracháin agus Costais | 1,097 | 972 | **2,069** | **2,104** |
| Cistiú Caipitil | 25 | 22 | **47** | **44** |
| **Iomlán** | **1,122** | **994** | **2,116** | **2,148** |
| **Scartha mar seo a leanas:** | | | | |
| Deontais a chur de shochar an Ráitis Ioncaim | 1,097 | 972 | **2,069** | **2,104** |
| Deontais a chur de shochar an Chúlchiste Deontais Caipitil | 25 | 22 | **47** | **44** |
| **Iomlán** | **1,122** | **994** | **2,116** | **2,148** |

| | Roinn Airgeadais £'000 | Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe £'000 | IOMLÁN 2019 £'000 | IOMLÁN 2018 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| ***Deontas Infhála:*** | | | | |
| Cúrsaí Riaracháin agus Costais | 961 | 853 | **1,814** | **1,862** |
| Cistiú Caipitil | 22 | 19 | **41** | **38** |
| **Iomlán** | **983** | **872** | **1,855** | **1,900** |
| **Scartha mar seo a leanas:** | | | | |
| Deontais a chur de shochar an Ráitis Ioncaim | 961 | 853 | **1,814** | **1,862** |
| Deontais a chur de shochar an Chúlchiste Deontais Caipitil | 22 | 19 | **41** | **38** |
| **Iomlán** | **983** | **872** | **1,855** | **1,900** |

Eisítear deontais na Ranna Urraithe ar bhonn coibhéis cistithe Thuaidh/ Theas de mhéid 53/47, arna choigeartú don choibhéis cistithe pinsin.

## 3. ANAILÍS OIBRÍOCHTÚIL

Maidir le réimsí gníomhaíochtaí, féadtar torthaí na bliana a anailísiú ar an dóigh seo:

| **Ioncam** | | **Aonad na nÍocaíochtaí Lárnacha** | **Riarachán** | **Iomlán 2019** | **Iomlán 2018** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Deontas ó Ranna Urraithe (Riarachán) | (i) | - | 2,069 | 2,069 | 2,104 |
| Deontais na Ranna Cuntasacha (Cláir) | (ii) | 16,533 | - | 16,533 | 8,718 |
| Aon Ioncam Oibríochta Eile | | - | 2 | 2 | 0 |
| Cistiú Caipitil Scaoilte | | - | 83 | 83 | 137 |
| Éilimh Infhála an AE | | 93,690 | - | 93,690 | 49,405 |
| Cistiú na Scéime Pinsin T/T | | - | 1,424 | 1,424 | 1,166 |
| | | **110,223** | **3,578** | **113,801** | **61,530** |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Dímheas | | - | (78) | (78) | (137) |
| Costais Foirne | | - | (2,898) | (2,898) | (2,657) |
| Costais Oibríochtaí Eile | | - | (600) | (600) | (613) |
| Ús in-aisíoctha roimh na Ranna Airgeadais | | - | (2) | (2) | 0 |
| Íocaíochtaí Tionscadal | | (110,223) | - | (110,223) | (58,123) |
| | | **(110,223)** | **(3,578)** | **(113,801)** | **(61,530)** |
| **Barrachas/ (Easnamh)** | | **-** | **-** | **-** | **-** |

| **Ioncam** | | **Aonad na nÍocaíochtaí Lárnacha** | **Riarachán** | **Iomlán 2019** | **Iomlán 2018** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **£'000** | **£'000** | **£'000** | **£'000** |
| Deontas ó Ranna Urraithe (Riarachán) | (i) | - | 1,814 | 1,814 | 1,862 |
| Deontais na Ranna Cuntasacha (Cláir) | (ii) | 14,490 | - | 14,490 | 7,715 |
| Aon Ioncam Oibríochta Eile | | - | 2 | 2 | 0 |
| Cistiú Caipitil Scaoilte | | - | 74 | 74 | 121 |
| Éilimh Infhála an AE | | 82,112 | - | 82,112 | 43,721 |
| Cistiú na Scéime Pinsin T/T | | - | 1,248 | 1,248 | 1,032 |
| | | **96,602** | **3,138** | **99,740** | **54,451** |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Dímheas | | - | (68) | (68) | (121) |
| Costais Foirne | | - | (2,540) | (2,540) | (2,352) |
| Costais Oibríochtaí Eile | | - | (528) | (528) | (542) |
| Ús in-aisíoctha roimh na Ranna Airgeadais | | - | (2) | (2) | 0 |
| Íocaíochtaí Tionscadal | | (96,602) | - | (96,602) | (51,436) |
| | | **(96,602)** | **(3,138)** | **(99,740)** | **(54,451)** |
| **Barrachas/ (Easnamh)** | | **-** | **-** | **-** | **-** |

## 3. ANAILÍS OIBRÍOCHTÚIL (AR LEAN)

(i) Folaíonn 'Deontais ó Ranna Urraithe' cistiú le haghaidh costais reatha infhála ó na Ranna Urraithe de chuid SEUPB (an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe).

(ii) Folaíonn 'Deontais ó Ranna Cuntasacha' saghas 'cistiú meaitseála' ó na Ranna Cuntasacha chun caiteachas na gclár PEACE IV agus INTERREG VA a chlúdach.

(iii) Is féidir anailísiú a dhéanamh ar íocaíochtaí tionscadal de mhéid €110,223/ £96,602 (agus gach ioncam aitheanta eile a dtéann i ngleic leis an chaiteachas) thíos:

| | €'000 | £'000 |
|---|---|---|
| **PEACE IV**<br>Deontais clár arna úsáid chun Síochάin agus Athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus i Limistéar Teorann na hÉireann a chur chun cinn. Folaítear oideachas comhroinnte, limistéir agus seirbhísí comhroinnte, páistí agus daoine óga agus tógáil caidrimh dearfacha uile sna gníomhaíochtaí deontas seo. Sa bhliain 2019, bhí caiteachas de mhéid €2.89m i ndáil le Cúnamh Teicniúil maidir le hiarmhéid a bhaineann le caiteachas tionscadal áirithe. | 49,623 | 43,491 |
| **INTERREG VA**<br>Úsáideadh deontais na gclár chun cibé ceist a thagann aníos de bhrí go bhfuil teorainn ann a shárú. Folaítear taighde agus nuálaíocht i dtaca le fiontair trasteorann a fhorbairt, tionscnaimh chomhshaoil, tionscadail iompar inbhuanaithe agus gníomhaíochtaí sláinte agus cúram sóisialta ar bhonn trasteorann ina measc. Sa bhliain 2019, bhí caiteachas tionscadail de mhéid €15.6m ann i ndáil le Taighde agus Nuálaíocht, €20.3m ann do chúrsaí Comhshaoil, €14.2m ann d'Iompar Iinbhuanaithe agus €8m do chúrsaí Sláinte. Bhí caiteachas de mhéid €2.4m ar Chúnamh Teicniúil chomh maith. | 60,600 | 53,111 |
| | **110,223** | **96,602** |

Ní bhaineann aon 'cistiú meaitseála' de chuid na hAlban le caiteachas atá curtha síos ag SEUPB, mar ní shníonn sé sin trí SEUPB, agus is mar gheall ar sin go dtagann cistiú na dtionscadal ó fhoinsí éagsúla. Bhí luach timpeall €0.02m i gceist le 'cistiú meaitseála' na hAlban in 2019 (2018: €0.33m).

Folaítear costais an Chúnaimh Theicniúil faoi 'Íocaíochtaí Tionscadal' arna dtabhú ag SEUPB, de mhéid €5.3m / £4.6m in 2019 (2018: €2.4m / £2.1m. Taobh istigh den Chúnamh Teicniúil seo, bhí aird tarraingthe ar nithe a chur i bhfeidhm go ceart, ar mhonatóireacht agus ar iniúchadh an chláir. Folaíonn gníomhaíochtaí an Chúnaimh Theicniúil seo roinnt meastóireachtaí arna chríochnú go héifeachtach, agus cuireadh tairbhithe féideartha agus an pobal i gcoitinne ar an eolas faoi fhéidearthachtaí agus torthaí an chláir. Seasann an anailís mar seo a leanas:

| **2019** | €'000 | £'000 |
|---|---|---|
| SEUPB | 5,294 | 4,640 |
| | **5,294** | **4,640** |

| **2018** | €'000 | £'000 |
|---|---|---|
| SEUPB | 2,358 | 2,087 |
| | **2,358** | **2,087** |

## 4. IONCAM OIBRÍOCHTA EILE

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 | 2019 £'000 | 2018 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ús Infhála | **2** | 0 | **2** | 0 |

## 5. COSTAIS FOIRNE

(a) Feictear meánlíon na mball foirne (idir bhaill lánaimseartha agus an fhoireann shealadach) thíos:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Bainistíocht Shinsearach | 4 | 4 |
| Bainistiú na gClár | 7 | 6 |
| Measúnacht agus Tacaíocht na dTionscadal (deimhniúcháin san áireamh). | 37 | 33 |
| Seirbhísí Corparáideacha (íocaíochtaí tionscadail agus deimhniúchán san áireamh). | 17 | 17 |
| Iomlán | 65 | 60 |

(b) Na costais arna dtabhú ag na fostaithe sin:

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 | 2019 £'000 | 2018 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Pá agus Tuarastail | 2,350 | 2,164 | 2,060 | 1,915 |
| Foireann Gníomhaireachta Shealadach | 520 | 492 | 456 | 436 |
| Costais Slándála Sóisialta: | 241 | 218 | 211 | 193 |
| Costais Pinsean Eile | | | | |
| - Seirbhís Reatha agus Costais Ús (Nóta 12c) | 1,511 | 1,252 | 1,324 | 1,108 |
| | **4,622** | **4,126** | **4,051** | **3,652** |
| Cistiú Cúnaimh Theicniúil trí PEACE IV | (879) | (749) | (770) | (663) |
| Cistiú Cúnaimh Theicniúil trí INTERREG VA | (845) | (720) | (741) | (637) |
| **Iomlán** | **2,898** | **2,657** | **2,540** | **2,352** |

Nochtar pá an Phríomhfheidhmeannaigh agus pá na bainistíochta sinsearaí i dtuairisc ar luach saothair.
Caitheadh £236,492 sa bhliain 2019 ar an bhfoireann bainistíochta sinsearaí amháin (2018: £205,651).

## 6. FEIDHMÍOCHT I gCOINNE NA bPRÍOMHSPRIOCANNA AIRGEADAIS.

D'éirigh le SEUPB gan dul thar leithdháileadh an bhuiséid in 2019. D'éirigh leo na spriocanna N+3, arna leagan amach i gcreatlach na gclár PEACE IV agus INTERREG VA, a bhaint amach in 2019.

## 7. COSTAIS OIBRÍOCHTA EILE

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 | 2019<br>£'000 | 2018<br>£'000 |
|---|---|---|---|---|
| Costais Áitribh Oifige | 598 | 581 | 524 | 514 |
| TFC | 167 | 233 | 146 | 206 |
| Riarachán Eile | 44 | 40 | 39 | 35 |
| Taisteal agus Cothabháil | 123 | 119 | 112 | 105 |
| Oiliúint agus Síntiús | 54 | 47 | 47 | 42 |
| Seirbhísí Gairmiúla Eile | 330 | 184 | 289 | 163 |
| Táillí Iniúchóireachta | | | | |
| Iniúchóireacht Sheachtrach | 30 | 29 | 26 | 26 |
| Údarás Iniúchóireachta | 265 | 257 | 232 | 227 |
| Iniúchóireacht eile (iniúchóireacht inmheánach) | 49 | 51 | 43 | 45 |
| Cumarsáid | 176 | 157 | 154 | 139 |
| Bainistíocht na gClár agus Meastóireacht | 494 | 359 | 433 | 318 |
| Measúnacht tionscadal, cur i bhfeidhm agus monatóireacht. | 434 | 453 | 380 | 401 |
| **OLLCHOSTAIS OIBRÍOCHTA san IOMLÁN** | **2,764** | **2,510** | **2,425** | **2,221** |
| Maoinithe de bhrí ar Chúnamh Teicniúil | (2,164) | (1,897) | (1,897) | (1,679) |
| **GLANCHOSTAIS OIBRÍOCHTA san IOMLÁN** | **600** | **613** | **528** | **542** |

Ó 2016, leasaíodh léiriú an nóta seo chun ollchostas gach catagóir san iomlán a thaispeáint, le maoiniú de bhrí ar Chúnamh Teicniúil bainte chun glanchostais (urraithe ag na deontais riaracháin de chuid na Ranna Urraíochta) a fháil.

Folaítear caiteachas laistigh den earnáil fáilteachais de mhéid £5,364 sa chatagóir 'Costais Oibríochta Eile' (2018: £6,609).

Tá táille iniúchóireachta seachtraí de mhéid £26,000 i gceist leis an Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann (2018: £26,000).

## 8. SÓCMHAINNÍ SEASTA

**(a) Sócmhainní Inláimhsithe**

| | Feabhsuithe Léasachta €'000 | Trealamh Oifige €'000 | Trealamh Ríomhaire €'000 | Daingneáin agus Feistis €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó Luacháil** | | | | | |
| ar 1 Eanáir, 2019 | 1,247 | 67 | 696 | 120 | 2,130 |
| Breiseanna | 6 | 19 | 45 | 26 | 96 |
| Diúscairtí | 0 | (21) | 0 | 0 | (21) |
| ar 31 Nollaig, 2019 | 1,253 | 65 | 741 | 146 | 2,205 |
| **Dímheas** | | | | | |
| ar 1 Eanáir, 2019 | 1,195 | 59 | 625 | 118 | 1,997 |
| Socrú don Bhliain | 11 | 2 | 32 | 1 | 46 |
| Dímheas ar Dhiúscairtí | 0 | (21) | 0 | 0 | (21) |
| ar 31 Nollaig, 2019 | 1,206 | 40 | 657 | 119 | 2,022 |
| **Glanluach de réir na Leabhar (€)** | | | | | |
| **ar 31 Nollaig, 2019** | **47** | **25** | **84** | **27** | **183** |
| **ar 31 Nollaig, 2018** | **52** | **8** | **71** | **2** | **133** |
| **Glanluach de réir na Leabhar (£)** | **£'000** | **£'000** | **£'000** | **£'000** | **£'000** |
| **ar 31 Nollaig, 2019** | **42** | **22** | **75** | **23** | **162** |
| **Coigeartú Aistrithe Airgeadra** | **(2)** | **(1)** | **(3)** | **0** | **(6)** |
| **ar 31 Nollaig 2019 (coigeartaithe)** | **40** | **21** | **72** | **23** | **156** |
| **ar 31 Nollaig, 2018** | **47** | **6** | **66** | **1** | **120** |

Seasann coigeartú aistrithe airgeadra don difear idir luach de réir na leabhar maidir leis na sócmhainní seasta arna ríomh ag úsáid ráta malairte faoi dheireadh na bliana agus luach de réir na leabhar luaite ar ráta malairte stairiúil.

Ní chuirtear sócmhainn ar bith faoi réir léasanna airgeadais ná comhaontú fruilcheannaigh ar bith.

## 8. SÓCMHAINNÍ SEASTA (AR LEAN)

**(b) Sócmhainní Doláimhsithe**

| | Ceadúnais Bhogearraí |
|---|---|
| | **€'000** |
| **Costas nó Luacháil** | |
| ar 1 Eanáir, 2019 | 491 |
| Breiseanna | 4 |
| Diúscairtí | |
| ar 31 Nollaig, 2019 | 495 |
| **Dímheas** | |
| ar 1 Eanáir, 2019 | 393 |
| Soláthar don Bhliain | 32 |
| Diúscairtí | |
| ar 31 Nollaig, 2019 | 425 |
| **Glanluach de réir na Leabhar (€)** | |
| **ar 31 Nollaig, 2019** | **70** |
| **ar 31 Nollaig, 2018** | **98** |
| **Glanluach de réir na Leabhar (£)** | |
| **ar 31 Nollaig, 2019** | **64** |
| **Coigeartú Aistrithe Airgeadra** | **(5)** |
| **ar 31 Nollaig 2019 (coigeartaithe)** | **59** |
| ar 31 Nollaig, 2018 | **87** |

Seasann coigeartú aistrithe airgeadra don difear idir luach de réir na leabhar maidir leis na sócmhainní seasta arna ríomh ag úsáid ráta malairte faoi dheireadh na bliana agus luach de réir na leabhar luaite ar ráta malairte stairiúil.

## 9(A) MÉIDEANNA FÉICHIÚNAITHE LE BHEITH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN

| | Nóta | 2019 €'000 | 2018 €'000 | 2019 £'000 | 2018 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe | (i) | 43,478 | 32,080 | 36,941 | 28,771 |
| Suimeanna atá dlite ar Choimisiún an AE | (ii) | 7,873 | 5,765 | 6,689 | 5,170 |
| Féichiúnaithe Eile | | 84 | 59 | 71 | 52 |
| | | **51,435** | **37,904** | **43,701** | **33,993** |

## 9(B) MÉIDEANNA FÉICHIÚNAITHE LE BHEITH DLITE TAR ÉIS NÍOS MÓ NÁ BLIAIN AMHÁIN

| | Nóta | 2019 €'000 | 2018 €'000 | 2019 £'000 | 2018 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Suimeanna atá dlite ar Choimisiún an AE | (ii) | 3,981 | 2,395 | 3,382 | 2,148 |
| | | **3,981** | **2,395** | **3,382** | **2,148** |

(i) Ar riachtanas a léiriú, déantar réamhíocaíochtaí le tionscadail, le bheith athchóirithe ina gcostas iarbhír ar dháta níos déanaí. Tá seo i gcomhréir le Rialacháin AE agus le Bainistiú Airgid Phoiblí TÉ.

(ii) Feidhmíonn CCSAE mar Údarás Deimhniúcháin na gClár INTERREG VA agus PEACE IV agus tá freagracht ar CCSAE cistí ó Choimisiún an Aontais Eorpaigh a éileamh. Ar 31 Nollaig, 2019 bhí iomlán de mhéid €11,853,103 (£10,070,606) ann maidir le héilimh curtha isteach agus éilimh gan curtha isteach infhála ón gCoimisiún. Bhí €7,872,239 (£6,688,343) le bheith dlite taobh istigh den bhliain amháin agus €3,980,864 (£3,382,213) le bheith dlite tar éis níos mó ná bliain amháin.

## 10. AIRGEAD AGUS COIBHÉIS AIRGID

| | Nóta | 2019 €'000 | 2018 €'000 | 2019 £'000 | 2018 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Airgead i dtaisce: | | | | | |
| -Arna shealbhú le haghaidh íocaíochtaí riaracháin | | 750 | 275 | 637 | 247 |
| -Arna shealbhú le haghaidh íocaíochtaí clár | (i) | 76,602 | 38,917 | 65,082 | 34,903 |
| **Iomlán** | | **77,352** | **39,192** | **65,719** | **35,150** |

(i) Is ionann airgead i dtaisce arna shealbhú le haghaidh íocaíochtaí clár agus méideanna tarraingthe ó Ranna Rialtais le cinntiú go mbeidh SEUPB in ann na hoibleagáidí a chomhlíonadh agus chun tionscadail a íoc go pras, agus chun cibé admháil ón AE nach bhfuil aisíoctha go fóill a chlúdach. Úsáidtear agus aistarraingítear an t-iarmhéid seo go ráithiúil i ndáil le Ceanglais tuartha ar bith. Ar an 31 Nollaig, bhí €27.56m (£23.42m) i dtaca le réamhíocaíochtaí an AE le haghaidh PEACE IV agus INTERREG VA luaite san iarmhéid.

## 11(A) MÉIDEANNA CREIDIÚNAITHE LE BHEITH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN

| | Nóta | 2019 €'000 | 2018 €'000 | 2019 £'000 | 2018 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Creidiúnaithe Trádála agus Tionscadail | | 4,463 | 0 | 3,792 | 0 |
| Ioncam Fabhraithe agus Iarchurtha | (i) | 62,493 | 34,988 | 53,095 | 31,379 |
| ERDF mar gheall ar Ranna Cuntasacha / Coimisiún an AE | (ii) | 58,359 | 41,951 | 49,583 | 37,624 |
| Aon mhéid eile le bheith dlite ó Ranna | (iii) | 286 | 151 | 243 | 135 |
| | | **125,601** | **77,090** | **106,713** | **69,138** |

## 11(B) MÉIDEANNA CREIDIÚNAITHE LE BHEITH DLITE TAR ÉIS NÍOS MÓ NÁ BLIAIN AMHÁIN

| | Nóta | 2019 €'000 | 2018 €'000 | 2019 £'000 | 2018 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| ERDF dlite do Ranna Cuntasacha | (ii) | 7,167 | 2,395 | 6,089 | 2,148 |
| | | **7,167** | **2,395** | **6,089** | **2,148** |

(i) Maidir leis na cláir PEACE IV agus INTERREG VA, cuirtear aon chistiú infhála de bhreis ó chaiteachas aitheanta síos mar ioncam iarchurtha agus déantar taifead air faoi 'Ioncam Fabhraithe agus Ioncam Iarchurtha'.

(ii) Glactar cistí ó na Ranna chun íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail le linn na bliana. Ansin, seoltar na héilimh chun aisíocaíocht a fháil ón ERDF maidir le caiteachas tabhaithe incháilithe. Ar na haisíocaíochtaí sin a fháil ó Choimisiúin an AE, caithfidh CCSAE na Ranna Cuntasacha (an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) a aisíoc. Ar 31 Nollaig 2019 bhí méid de luach €26,646,513 (£22,639,349) dlite do na Ranna - mar gheall ar PEACE IV agus INTERREG VA - le bheith aisíoctha laistigh de bhliain amháin agus bhí méid de €7,166,835 (£6,089,069) le bheith aisíoctha tar éis níos mó ná bliain amháin.

Ar an 31 Nollaig bhí méid dlite do Coimisiún an Aontais Eorpaigh de luach €4,148,393 (£3,524,548) mar gheall ar ró-aisghabháil i dtaca le Peace IV agus Interreg VA agus le bheith aisíoctha faoi dheireadh an chláir.

Folaítear Airleacain de mhéid €27,563,899 (£23,418,776) i ndáil leis na cláir PEACE IV agus INTERREG VA san iarmhéid seo.

(iii) Tá méideanna eile a bhíonn dlite do Ranna comhdhéanta go príomha d'iarmhéideanna reatha an bhunchistithe ó na Ranna Urraithe CCSAE.

## 12. PINSIN

### a) Gluaiseacht i nglandliteanais pinsin le linn na bliana airgeadais

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 | 2019 £'000 | 2018 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Glandliteanais pinsin ar 1 Eanáir | 13,698 | 13,760 | 12,285 | 12,209 |
| Costas na Seirbhíse Reatha | 1,134 | 1,099 | 994 | 973 |
| Ús maidir le dliteanais scéime | 385 | 319 | 337 | 282 |
| (Gnóthachan)/ Caillteanas achtúireach - gluaiseachtaí airgeadra san áireamh | 2,120 | (1,080) | 1,858 | (956) |
| Glan-aistrithe isteach/(amach) | (8) | (166) | (7) | (147) |
| Sochair íoctha le linn na bliana | (87) | (86) | (76) | (76) |
| Aistriú Airgeadra | 873 | (148) | 0 | 0 |
| Glandliteanas pinsin ar 31 Nollaig | **18,115** | **13,698** | **15,391** | **12,285** |

Folaítear ranníocaíochtaí na mball leis an Chostas Seirbhíse Reatha agus £117k (€133k) a bhí acu in 2019 (2018:£108k (€122k)). Íocadh na méideanna seo leis na Ranna Urraithe ag teacht leis na sásraí maoinithe comhaontaithe.

Léiríonn coigeartú aistrithe airgeadra méid na gluaiseachta i luach dhliteanas na scéime pinsin atá inchurtha leis an athrú ar rátaí malairte i rith na bliana.

**Mar seo a leanas anailís ar ghluaiseacht maidir le heasnamh sa phlean le linn na tréimhse:**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gnóthachan/(Caillteanas) Taithíochta | 281 | 167 | 246 | 147 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) mar gheall ar aistrithe airgeadra | 126 | (21) | 110 | (18) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) maidir le toimhdí airgeadais (gluaiseachtaí airgeadra san áireamh) | (2,527) | 934 | (2,214) | 827 |
| **Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach** | **(2,120)** | **1,080** | **(1,858)** | **956** |

"Leagtar príomhghnéithe an chaillteanais achtúirigh (£1,858,000) amach thíos.

Tháinig ardú ar luach na ndliteanas mar thoradh ar athrú ar thoimhdí achtúireacha go príomha, lena n-áirítear laghdú ar rátaí lascaine Thuaidh agus Theas (rud a ardaíonn luach na ndliteanas), fritháirithe i bpáirt ag laghdú ar thoimhdí boilscithe (rud a íslíonn luach na ndliteanas). Is neamhábhartha é tionchar na n-athruithe maidir le toimhdí básmhaireachta. Is é glantionchar na n-athruithe, i dtaca le toimhdí achtúireacha, ná ardú ar na dliteanais (£2,214,000).

Rinneadh sin a fhritháireamh i bpáirt ag gnóthachain thaithíochta £246,000 ar na dliteanais agus gnóthachain fabhracha £110,000 i dtaca le haistrithe airgeadra."

## 12. PINSIN (AR LEAN)

**Anailís Ioncaim agus Caiteachais don bhliain Airgeadais**

### b) Glanchistiú iarchurtha roimh phinsin

I gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta ar glacadh leis roimhe seo le haghaidh na gComhlachtaí Thuaidh/ Theas, aithníonn CCSAE sócmhainn a léiríonn acmhainní atá le cur ar fáil ag na Státchistí sa RA agus in Éirinn i dtaca le dliteanais phinsin neamh-mhaoinithe de dheasca ar imeachtaí a thit amach cheana. Clúdaítear tacaíocht reachtúil maidir le scéimeanna aoisliúntais, agus beartais agus cleachtas i ndáil le seirbhísí pinsean poiblí a mhaoiniú sa dá dhlínse, an próiseas meastacháin bhliantúil ina measc. Cé nach bhfuil Comhaontú foirmiúil i gceist, agus mar sin gan ráthaíocht ar fáil i dtaca leis na méideanna sonracha sin leis na comhlachtaí cistiúcháin, níl aon fhianaise ag CCSAE nach mbeidh an beartas cistiúcháin seo in ann leanúint ar aghaidh ag cur an méid sin ar fáil, i ndáil leis an gcleachtas reatha.

Mar seo a leanas an glanchistiú pinsean iarchurtha arna shainaithint sa Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 | 2019<br>£'000 | 2018<br>£'000 |
|---|---|---|---|---|
| Costas na Seirbhíse Reatha | 1,134 | 1,099 | 994 | 973 |
| Costas Aigeadais Eile | 385 | 319 | 337 | 282 |
| Sochair Íoctha le linn na Bliana | (87) | (86) | (76) | (76) |
| Aistrithe Pinsean isteach/(amach) | (8) | (166) | (7) | (147) |
| | **1,424** | **1,166** | **1,248** | **1,032** |

Bhí méid de luach €18.115m (£15.391m) sa tsócmhainn cistiúchán pinsean sa bhliain 2019 (2018:€13.698m (£12.285m)).

### c) Costas na Seirbhíse Pinsin Reatha curtha le caiteachas:

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 | 2019<br>£'000 | 2018<br>£'000 |
|---|---|---|---|---|
| Costas na Seirbhíse Reatha | 1,134 | 1,099 | 994 | 973 |
| Ús maidir le scéim na ndliteanas pinsean | 385 | 319 | 337 | 282 |
| Aistrithe Pinsean isteach/(amach) | (8) | (166) | (7) | (147) |
| | **1,511** | **1,252** | **1,324** | **1,108** |

## 12. PINSIN (AR LEAN)

### d) Cistiúchán Pinsean Iarchurtha

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 | 2019 £'000 | 2018 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ar 1 Eanáir | 1,166 | 1,467 | 1,032 | 1,286 |
| Ardú/(laghdú) i gCistiúchán Pinsin Iarchurtha | 246 | (287) | 216 | (254) |
| Coigeartú Aistrithe Airgeadra | 57 | (14) | - | - |
| **Ar 31 Nollaig** | **1,469** | **1,166** | **1,248** | **1,032** |

### e) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

| | **2019 £'000** | 2019 €'000 | **2018 £'000** | 2018 €'000 | **2017 £'000** | 2017 €'000 | **2016 £'000** | 2016 €'000 | **2015 £'000** | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oibleagáidí sochair shainithe | **(15,391)** | (18,115) | **(12,285)** | (13,698) | **(12,209)** | (13,760) | **(12,210)** | (14,225) | **(6,826)** | (9,291) |
| Coigeartú taithí ar dhliteanais, le héifeacht an ráta malairte ar ghnóthachan/(caillteanas) san áireamh. | **246** | 281 | **147** | 167 | **954** | 1,088 | **(1,110)** | (1,358) | **104** | 143 |
| Céatadán na nDliteanas Scéime | **1.60%** | -2.00% | **1.20%** | 1.20% | **7.90%** | 7.90% | **-9.10%** | -9.10% | **1.50%** | 1.50% |

## 12. PINSIN (AR LEAN)

### f) Cur síos ginearálta ar an scéim

Is scéim sochair shainithe ilfhostóirí í an scéim phinsin Thuaidh/ Theas, arna fheidhmiú le ceadú ón gComhairle Aireachta Thuaidh /Theas (an CATT) agus ó na hairí airgeadais. Tá codanna éagsúla ina bhfuil struchtúr sochair difriúla sa scéim pinsin. Seo iad na príomhchodanna:

An chuid a bhaineann leis na Tuarastail Deiridh Lárnacha. Is socrú é seo maidir le pinsean ó thuarastail deiridh ina mbunaítear na sochair ar an scéim pinsin phríomha den státseirbhís i dTuaisceart Éireann. Cuireann an scéim seo pinsin ar fáil (ochtódú in aghaidh gach bliana oibre), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh gach bliana oibre) agus pinsin na gcéilí mar aon le pinsin na bpáistí. Is é 60ú breithlá an chomhalta an ghnáthaois scoir. Ardaíonn pinsin in íocaíocht (agus in iarchur) i gcomhréir le ráta boilscithe ginearálta.

Cuid Phríomha Alfa - Is socrú pinsin é seo bunaithe ar mheántuilleamh gairmréime athluacháilte, nó scéim CARE, agus na sochair bunaithe ar chuid Alfa de scéim pinsin phríomha na státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Cuireann an scéim seo pinsin ar fáil atá bunaithe ar chéatadán (2.32%) de phá pinsin gach bliain a bhfuil an duine i gceist ina chomhalta. Ardaítear na pinsin faoi thús na bliana ag teacht le ráta boilscithe ginearálta agus chomh maith leis sin cuirtear pinsin na gcéilí agus pinsin na bpáistí ar fáil. Is ionann gnáthaois scoir agus Aois an Phinsin Stáit, sna dlínsí iomchuí, arbh é 67 agus 68, nó idir 67 agus 68 sa Ríocht Aontaithe agus 68 in Éirinn. Tagann ardú ar íocaíocht (agus iarchur) pinsin i gcomhréir leis an ráta boilscithe ginearálta.

Bíonn sochair ag formhór na gcomhaltaí a bhaineann leis an gcuid Lárnach sa chuid Tuarastail Deiridh agus sa chuid Alfa araon agus déantar comhaltaí den chuid Alfa Lárnach d'iontrálaithe nua (i ndiaidh 1 Aibreán 2015) de ghnáth."

Achtúire cáilithe neamhspleách (Deloitte Total Rewards & Benefits Ltd.) a rinne an luacháil a úsáidtear do nochtadh FRS 102 amhail an 31 Nollaig, 2019. Ullmhaíodh torthaí na bliana seo trí bhíthin luacháil iomlán a dhéanamh ar dhliteanais na Scéime, ag cuimsiú coinníollacha an mhargaidh agus sonraí na scéime amhail an 31 Nollaig 2019.

Seo iad na príomhbhoinn tuisceana:

| | 31-Noll-19 | 31-Noll-18 | 31-Noll-17 | 31-Noll-16 | 31-Noll-15 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ráta Lascaine: | | | | | |
| Tuaisceart Éireann | 2.10% | 2.75% | 2.50% | 2.70% | 3.70% |
| Poblacht na hÉireann | 1.30% | 2.15% | 2.10% | 1.90% | 2.65% |
| Ráta Boilscithe: | | | | | |
| Tuaisceart Éireann | 2.00% | 2.15% | 2.10% | 2.30% | 1.90% |
| Poblacht na hÉireann | 1.15% | 1.40% | 1.65% | 1.50% | 2.00% |
| Ráta ardaithe ar thuarastail: | | | | | |
| Tuaisceart Éireann | 2.00% | 2.15% | 2.10% | 2.30% | 2.90% |
| Poblacht na hÉireann | 2.00% | 2.15% | 3.00% | 3.00% | 3.00% |
| Meánráta na n-arduithe ar phinsin: | | | | | |
| Tuaisceart Éireann | 2.00% | 2.15% | 2.10% | 2.30% | 1.90% |
| Poblacht na hÉireann (ardú tuarastail) | 2.00% | 2.15% | 3.00% | 3.00% | 3.00% |
| Poblacht na hÉireann (CPI) | 1.15% | 1.40% | 1.65% | 1.50% | 2.00% |
| Meán-ionchas saoil ó 65 bliana d'aois i leith, maidir le: | | | | | |
| Fear atá 65 bliana d'aois faoi láthair | 22.0 | 21.9 | 22.1 | 22.2 | 21.9 |
| Bean atá 65 bliana d'aois faoi láthair | 23.9 | 23.8 | 23.9 | 24.2 | 23.8 |
| Fear atá 45 bliana d'aois faoi láthair | 23.4 | 23.3 | 23.5 | 23.9 | 23.1 |
| Bean atá 45 bliana d'aois faoi láthair | 25.4 | 25.4 | 25.4 | 26.1 | 25.3 |

## 13. NÓTAÍ LEIS AN RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

### 13.1 Réiteach an toraidh don tréimhse chuig glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibríochta.

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 | 2019 £'000 | 2018 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Barrachas/(Easnamh) don tréimhse** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| **Coigeartú le haghaidh idirbhearta neamh airgid** | | | | |
| Difríochtaí malairte ar iarmhéideanna tosaigh airgid a aistriú mar a bhí ar 1 Eanáir | (2,179) | 427 | (1,852) | 476 |
| Dímheas | 78 | 137 | 68 | 121 |
| Scaoileadh an Deontais Chaipitil | (83) | (137) | (74) | (121) |
| Difríochtaí ar airgeadra eachtrach a aistriú | (1) | 6 | - | - |
| Cúlchiste a fhritháireamh in éadan chistiú ó Ranna | - | - | - | - |
| **Coigeartú le haghaidh ghluaiseachtaí ar chaipiteal oibre** | | | | |
| (Ardú)/laghdú ar fhéichiúnaithe | (15,117) | (5,349) | (10,941) | (5,129) |
| Ardú/(laghdú) ar chreidiúnaithe | 53,283 | (361) | 41,516 | 442 |
| **Glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | **35,981** | **(5,277)** | **28,717** | **(4,211)** |

### 13.2 Réiteach an glan eis-sreabhadh airgid chuig gluaiseacht ar ghlanfhiachas

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 | 2019 £'000 | 2018 £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Airgead i dtaisce ar an 1 Eanáir | 39,192 | 44,896 | 35,150 | 39,837 |
| Athaistriú chuig rátaí malairte na bliana reatha | 2,179 | (427) | 1,852 | (476) |
| | 41,371 | 44,469 | 37,002 | 39,361 |
| Glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid | 35,981 | (5,277) | 28,717 | (4,211) |
| Airgead i dtaisce ar an 31 Nollaig | 77,352 | 39,192 | 65,719 | 35,150 |

## 14. SOLÁTHAIRTÍ AGUS DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Tionscnaíodh dhá chás binse fostaíochta (cásanna McCloud agus Sargant) in aghaidh Rialtas na Ríochta Aontaithe i ndáil le hidirdhealú féideartha maidir le cur chun feidhme chosaint idirthréimhseach tar éis athruithe a dhéanamh ar reachtaíocht na scéime pinsin um sheirbhísí poiblí sa Ríocht Aontaithe sa bhliain 2015.

I mí na Nollag 2018, rialaigh an Chúirt Achomhairc go ndearnadh idirdhealú neamhdhleathach ar bhonn aoise mar gheall ar na cosaintí idirthréimhseacha. D'iarr Rialtas na Ríochta Aontaithe cead chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin chuig an gCúirt Uachtarach, ach ar 27 Meitheamh 2019 diúltaíodh don iarratas.

Tá idirchaidreamh fós ar bun ag an Roinn Airgeadais (Tuaisceart Éireann) le státchiste na Banríona chun dul i ngleic le hidirdhealú aoise sna scéimeanna seirbhíse poiblí níos leithne mar thoradh ar rialú McCloud. Chomh maith le sin, meastar go mbeidh an próiseas ceartúcháin fadálach agus am-íditheach agus caithfidh sé ceist na bpinsean fabhraithe ó 2015 a phlé go cothrom agus a chur in iúl cibé an mbeadh daoine níos fearr as i scéimeanna nua. I dtaca leis sin, seans go mbeidh gá le cúiteamh a thabhairt do chomhaltaí áirithe SEUPB, ar comhaltaí na scéime pinsin Thuaidh / Theas iad, as idirdhealú ar bith a d'fhulaing siad mar thoradh ar na cosaintí idirthréimhseacha sin.

Is deacair, faoi láthair, tionchar an bhreithiúnais a mheas mar is ceart, mar go mbraithfidh sé ar an gcúiteamh a dhámhfar, ar arduithe amach anseo ar thuarastal comhaltaí, ar fhad seirbhíse agus aois scoir, agus cibé (agus cá huair) a n-éiríonn comhaltaí as seirbhís ghníomhach. Ní mór machnamh breise a dhéanamh ar théarmaí aon socraíochta féideartha agus beidh ar an Roinn Airgeadais (Tuaisceart Éireann) agus ar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Éire) í a cheadú.

Mar gheall air sin, ní dhearnadh aon soláthar sna cuntais do bhreithiúnas McCloud/Sargant.

Measann achtúire na scéime pinsin Thuaidh/Theas gur suas go £250,000 a bheidh in aon chúiteamh a bheidh le híoc ag SEUPB.

## 15. GEALLTANAIS LÉASANNA OIBRÍOCHTA

Ar 31 Nollaig, bhí SEUPB tiomanta na híocaíochtaí seo a dhéanamh maidir le léasanna oibríochta:

| | Talamh agus Foirgnimh 2019 €'000 | Eile 2019 €'000 | Talamh agus Foirgnimh 2018 €'000 | Eile 2018 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Iomlán na n-íocaíochtaí íosta amach anseo faoi léasanna nach féidir a chur ar ceal le haghaidh gach ceann de na tréimhsí seo a leanas; | | | | |
| (i) Chan níos mó ná bliain amháin; | 314 | 9 | 268 | 9 |
| (ii) níos mó ná bliain amháin agus chan níos mó ná 5 bliana agus | 1,044 | 25 | 875 | 32 |
| (iii) níos mó ná 5 bliana | 220 | - | 418 | - |
| | **1,578** | **34** | **1,561** | **41** |

| | £'000 | £'000 | £'000 | £'000 |
|---|---|---|---|---|
| Iomlán na n-íocaíochtaí íosta amach anseo faoi léasanna nach féidir a chur ar ceal le haghaidh gach ceann de na tréimhsí seo a leanas; | | | | |
| (i) Chan níos mó ná bliain amháin; | 267 | 8 | 240 | 8 |
| (ii) níos mó ná bliain amháin agus chan níos mó ná 5 bliana agus | 887 | 21 | 785 | 29 |
| (iii) níos mó ná 5 bliana. | 187 | - | 375 | - |
| | **1,341** | **29** | **1,400** | **37** |

## 16. GEALLTANAIS CHAIPITIL

Ní raibh Gealltanais Chaipitil ar bith ag SEUPB ar an 31 Nollaig 2019 (ná ar 31 Nollaig 2018).

## 17. GEALLTANAIS DEONTAIS

Ar 31 Nollaig 2019, bhí gealltanais deontais ag SEUPB le roinnt Comhpháirtithe Cinn, tar éis gur eisíodh agus gur glacadh le roinnt Litreacha Tairisceana.

| | Deontas Tugtha | Íoctha chun dáta | Gealltanas gan íoc 31/12/2019 | Gealltanas gan íoc 31/12/2018 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| PEACE IV | 276,316 | 48,378 | 227,938 | 235,313 |
| INTERREG VA | 273,381 | 61,272 | 212,109 | 246,718 |
| | **549,697** | **109,650** | **440,047** | **482,031** |

Baineann na gealltanais thuas le Cláir 2014-2020 go hiomlán. Bhí formhór na Litreacha Tairisceana sloinnte in Euro, agus roinnt beag i Steirling.

## 18. IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA

Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas é Comhlacht na gClár Speisialta AE atá maoinithe ag an Roinn Airgeadais i dTuaisceart na hÉireann agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn. Breathnaítear ar na Ranna thuasluaite mar pháirtithe gaolmhara. Bhí idirbhearta éagsúla ag CCSAE leis na ranna sin i rith na bliana:

(1) (1) Tugann ceann Iniúchóireacht Inmheánach na Roinne Airgeadas seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí do CCSAE faoi Chomhaontú Seirbhíse ar bhonn neamhthuilleamaí. Taispeántar na costais a thabhaítear i Nóta 7 leis na cuntais.

(2) Cuirtear feidhmeanna an Údaráis Iniúchóireachta ar fáil ó aonad tiomnaithe sa Roinn Airgeadais, ar bhonn chomh-bhallstáit. Tá an caidreamh faoi rialú Chomhaontú Seirbhíse.

(3) Tá Comhaontú Seirbhíse ag CCSAE le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde (NISRA), gníomhaireacht feidhmiúcháin sa Roinn Airgeadais, a chuireann seirbhís monatóireachta agus meastóireachta ar fáil i ndáil leis na Cláir.

(4) Tá Comhaontú Seirbhíse eile ag CCSAE leis an Stiúrthóireacht um Sholáthar Lárnach (CPD), arb é an Lárionad um Saineolas Soláthair (CoPE) é sa Roinn Airgeadais. Bíonn CCSAE ag plé leis an CPD ar bhonn ad hoc chun comórtais soláthair a bhainistiú, agus chun comhairle maidir le soláthar a thabhairt maidir le tionscadail tógála.

## 19. Caillteanais agus Sainíocaíochtaí

Ní raibh caillteanas ná sainíocaíocht ar bith ann le linn na bliana.

## 20. Ionstraimí Airgeadais, Leachtú, Ráta Úis agus Riosca um Airgeadra Eachtrach

### 20.1 Ionstraimí Airgeadais

Mar gheall ar nádúr neamhthrádála ghníomhaíochtaí SEUPB, agus an dóigh a maoinítear é, tá sé cosanta ar na rioscaí a bhíonn roimh eintitis ghnó. Tá SEUPB an-teoranta ó thaobh ciste barrachais a fháil ar iasacht nó a infheistiú. Gintear sócmhainní agus dliteanais airgeadais trí bhíthin ghníomhaíochtaí oibríochta ó la go lá agus ní shealbhaítear iad chun na rioscaí a bhíonn os comhair SEUPB agus é ag tabhairt faoina ghníomhaíochtaí a athrú.

### 20.2 Leachtú, Ráta Úis agus Riosca um Airgeadra Eachtrach

Maoinítear riachtanais acmhainní glanioncaim SEUPB, agus a chaiteachas caipitil, le hacmhainní arna vótáil gach bliain ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag Tithe an Oireachtais, Dá bharr sin, cosnaítear é ar rioscaí suntasacha maidir le leachtú. Ní fhaigheann SEUPB cistí ó acmhainní tráchtála agus dá bharr sin cosnaítear é ar rioscaí suntasacha maidir le ráta úis. Ní suntasach é nochtadh SEUPB do riosca um airgeadra eachtrach mar gheall go bhfaigheann sé méideanna comhaontaithe maoinithe óna Ranna Urraithe, an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i steirling agus in euro faoi seach, agus mar gheall nach dtugann sé faoi ghníomhaíochtaí trádála. Mar sin féin, de bhrí go n-íoctar formhór na gcostas tionscadail in Euro, agus na costais oibríochta eile i Steirling, agus go bhfaightear an chuid is mó den chistiú go cothrom ón dá Roinn, tá SEUPB neamhchosanta ar riosca um airgeadra eachtrach. Maidir le cistí a tharraingítear ó Ranna Cuntasacha d’Aonad na nÍocaíochtaí Lárnacha, is leis na Ranna Urraithe a bhíonn an riosca.

21. **Sócmhainní Tríú Páirtí**
Ní raibh sócmhainní tríú páirtí i seilbh ag SEUPB amhail an 31 Nollaig, 2019.

22. **Eachtraí tar éis dháta na tréimhse tuairiscithe**
Amhail dháta ceadaithe na gcuntas seo, cheadaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas gach plean gnó de chuid SEUPB in 2017, 2018, 2019 agus in 2020.

23. **Dáta Ceadaithe le haghaidh Eisiúna**
Cheadaigh an tOifigeach Cuntasaíochta na Ráiteas Airgeadais seo ar an 26 Eanáir 2021.

# Aguisín

## Accounts directions given by the Northern Department of Finance and the Department of Public Expenditure and Reform in Northern Ireland in accordance with the North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 and the British-Irish Agreement Act 1999 in Ireland.

Tabharfar léargas fíorcheart sna cuntais bhliantúla ar an ioncam agus ar an gcaiteachas agus ar na sreafaí airgid don bhliain féilire, agus ar staid na gcúrsaí amhail deireadh na bliana. Faoi réir an cheanglais sin, ullmhóidh Comhlacht na gClár Speisialta AE cuntais don tréimhse airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2018 agus do bhlianta ina dhiaidh sin i gcomhréir le:

a. Treoir maidir le Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas;

b. Treoir eile a fhéadann na Ranna Airgeadais a eisiúint ó am go ham maidir le cuntais atá riachtanach chun léargas fíorcheart a thabhairt;


c. aon nochtadh eile atá ag teastáil ó na Ranna Urraithe;

ach amháin sa chás ina gcomhaontaítear a mhalairt leis na Ranna Airgeadais, agus sa chás sin déanfar cur síos ar an eisceacht sna Nótaí a ghabhann leis na Cuntais.



Arna shíniú le húdarás na Roinne Airgeadais

Dáta: 19 Márta 2019



Arna shíniú le húdarás na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Dáta: 22 Márta 2019

Special EU Programmes Body
Comhlacht na gClár Speisialta AE
Special EU Skemes Boadie

Arna fhoilsiú ag Chomhlacht na gClár Speisialta AE

**Béal Feirste:**
Urlár 7, Foirgneamh Clarence Thiar,
2 Sráid Clarence Thiar, Béal Feirste,
Tuaisceart Éireann, BT2 7GP fón: +44 (0)28 9026 6660
facs: +44 (0)28 9026 6692
ríomhphost: info@seupb.eu

**An Ómaigh:**
Áras an AE, 11 Bóthar Kevlin, An Ómaigh
Tuaisceart Éireann, BT78 1LB
fón: +44 (0)28 8225 5750
facs: +44 (0)28 8224 8427
ríomhphost: omagh@seupb.eu

**Muineachán:**
Foirgneamh M:TEK II, Bóthar Ard Mhacha,
Muineachán, Éire
fón: +353 (0)47 77003
facs: +353 (0)47 71258
ríomhphost:monaghan@seupb.eu
suíomh gréasáin: www.seupb.eu

9 780995 784277